

CUISLE

EAGRÁN 5

FEABHRA 1999

£1.50

Uair na Ginniúna don Ghaeltacht

Time to go back
to the drawing
board?

CUISLE 5: 'MISE DARA AN HUNK AS BAILE LAIR' (DARA O'NEILL)
AN BÉAL BEO (AN BÉAL BEO) EAGARTHAR
NUA DO CHUISLE (NUA DO CHUISLE) CODLADH NA HOICHI

ISSN 1393-7243



Q: Sports kit is easy to clean, isn't it?




A: *Really? And how many
have you washed recently?*



New Persil Performance Tablets.

CUISLE



CUISLE

An tEastát Tionsclaíochta,
Casla, Co na Gaillimhe
Teil: 091 572077
Facs: 091 572076
Ríomhphost: cuisle@tinet.ie

Eagarthóir:

Uinsíonn Mac Dubhghaill

Riarthóir:

Mary Ellen Ní Chualáin

Tuairisceoir:

Diarmuid Johnson

Bainisteoir Fógraíochta:

Veronica Ní Ghríofa

Dearadh le:


Caomhán Ó Scolaí

Clóchur:

Kilkenny People

Grianghraf clúdaigh:

Kevin Clancy



Arna fhoilsiú ag
Foilseacháin an Phobail Teo,
Casla, Co na Gaillimhe.


DEIS FREAGARTHA

Is é polasaí na hirise seo deis
freagartha a thabhairt d'aon
duine nó d'aon eagraíocht a
éilíonn a leithéid, má tá siad
míshásta faoin méid a scríobh-
adh fúthu i gCuisle. Téigh i
dteagmháil leis an Eagarthóir,
Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe,
nó cuir ríomhphost chuig
cuisle@tinet.ie faoin scéal.

San eagrán seo

UAIR NA CINNIÚNA DON GHAELTACHT

Tuairisc speisialta ar chreimeadh
na teanga, le léarscáileanna agus
anailís le Donncha Ó hÉallaithe 13



CUISLE AN GHRÁ

Véarsaí Vailintín ónár léitheoirí
rómansúla 13

!VIVA LOS CUBANOS!

Chaith Darach Ó Tuairisg saoire
na Nollag i gCúba. Tháinig sé
abhaile is meangadh mór ar a
bhéal 13

AN CHUACH SA NEAD

Beidh ionadaí ón Roinn Airgeadais
ar bhord Údarás na Gaeltachta
feasta, má leantar le plan an
Rialtais. Tuairisc le Uinsíonn Mac
Dubhghaill 13

CAMCHUAIRT CHONAMARA

Buaileann Tim Robinson isteach
Tigh Mhaidhcó 13

AN BÉAL BEO

Antaine Ó Faracháin ar Amhrán
na hEascainne 13

IDIR TÚ AGUS CODLADH NA HOÍCHE

Ní fhaigheann muid ár ndóthain
de, a deir Dearbhla Ní Lúbaigh 13

RUA SA TEACH SOLAIS

Labhrann an
leon mantach
le Sinéad
Chúlábúla 13



CUISLE

SLADMHARGADH! TRÍ EAGRÁN IN AISCE!

Cuirfidh muid trí eagrán de Cuisle chugat saor in aisce, má ghlacann tú síntiús bliana linn.
Is é sin le rá, má chuireann tú do íocaíocht chugainn in am d'eagrán na Márta,
gheobhaidh tú gach eagrán den iris go dtí Bealtaine 2000, an ceann sin san áireamh. Ní
gá ach an fhoirm thíos a líonadh agus a chur sa phost le do sheic.

Ainm / name Sloinne / surname

Seoladh / address

Teil / tel Ríomhphost / email

Síniú / signature Dáta / date

RÁTAÍ (postas san áireamh)

Éire agus an Bhreatain £25

Mór-Roinn na hEorpa 40 euro* • An chuid eile den domhan US \$80*

*nó a chomhionann in airgead áitiúil

CUISLE AR AN IDIRLIÓN <http://homepage.tinet.ie/~cuisle1>

ant e a thuig iaoin saol thoinn

Bhí tuiscint riamh in Éirinn ar an Saol Fó Thoinn agus is é John Philip Holland as Lios Ceannúir i gCo. an Chláir a cheap an chéad thomhuireán ón saol seo a chonaic Manannán.

Bhí dearcadh ar leith ag Holland, a dhearcadh féin, dearcadh an Éireannaigh. **Is dream ar leith muintir na hÉireann agus is stáisiún leithleasach teilifíse TnaG.** Stáisiún ar aon mheon linn féin, stáisiún a bhfuil an dearcadh ar leith sin aige - an dearcadh Éireannach.



TnaG. Briseann an dúchas.

Website-[http:// www.tnag.ie](http://www.tnag.ie)

Cuisle, An tEastát Tionsclaíochta, Casla, Co na Gaillimhe.
Teil: 091 572077. Facs: 091 572 076. Ríomhphost: cuisle@tinet.ie

Cuir siar an toghchán, a Éamoin

I LÉACHT a thug Seán Ó Tuama i 1993 ar Raidió a hAon, dúirt sé: "The first thing that has to be faced up to by leaders of opinion, and in particular by leaders of Irish revival organisations, is that the Gaeltacht is slowly but surely dying away. That fact is incontrovertible, but many refuse to accept it, comforting themselves with the thought that they have heard all this before – and the Gaeltacht still lives on."

"This is an example of the kind of anti-intellectual optimism which may be the worst enemy now of the restoration of Irish. It condones the lack of new strategies on the part of Government. It deflates the probability of urgent action."

B'fhíor don Tuamach an t-am sin, agus tá an scéal ag dul in olcas ó shin. Comhcheilg an chiúnais atá i réim, cé go bhfuil glórtha aonair anseo is ansiúd a labhrann amach go misniúil faoin rud is léir don dall.

Ní mian leis na heagraíochtaí Gaeilge an iomarca a rá faoi, ar ndóigh, ar fhaitíos go dtabharfar lón cogaidh do naimhde na teanga, nó ar fhaitíos go gcuirfear laghmhisneach ar dhaoine eile.

Ní mian le hÚdarás na Gaeltachta an iomarca a rá faoi ach an oiread, ar fhaitíos go gcuirfear an cheist shimplí seo: cén uair a gcuirimís deireadh leis an Údarás, ó tharla nach fada eile a bheas Gaeltacht ann dó?

Ní maith leis na polaiteoirí an chaint seo ach an oiread, ar fhaitíos go mbeidh orthu aghaidh a thabhairt ar theip fhollasach a bpolasaithe i leith na teanga. Agus thar aon dream eile, ní mian leis an Roinn Airgeadais aon rud a chloisteáil faoi, ar fhaitíos go mbeidh éilimh nua ar chaiteachas an stáit.

Eisceachtaí cróga is ea cathaoirleach reatha an Údaráis, Gearóid Ó Tuathaigh; agus an tAire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán, Éamon Ó Cuív.

Tuigean an bheirt acu go maith na fadhbanna atá ann, agus tríd is tríd bíonn siad sásta labhairt amach go hoscailte fúthu. Bíonn an t-ollamh níos oscailte ná an polaiteoir, scaití, ach


thuigfeá sin.

San eagrán seo de *Cuisle* bristear comhcheilg seo an chiúnais ina smidiríní, le fianaise chrua ó bhéal na ndaoine iad féin. Ní gá ach sracfhéachaint a thabhairt ar na léarscáileanna ar leathanaigh 10-13 le go dtuigfí go bhfuil uair na cinniúna

laghad ar bith, spreagfadh sé díospóireacht náisiúnta faoina bhfuil i ndán don Gaeltacht.

* * *

CÚPLA pointe is cóir a lua faoin bhfianaise a fhoilsítear san eagrán seo.



buaile linn i ndáiríre.

Sa chomhthéacs sin, is ait linn go bhfuil athbheithniú ar siúl sa Roinn ar theorainneacha na Gaeltachta, ach go bhfuil sé i gceist ag an am céanna leanacht ar aghaidh le toghchán don Gaeltacht oifigiúil atá anois ann.

Ba chóir an toghchán a chur siar ar feadh bliana, agus limistéir níos réadúla a oibriú amach don Gaeltacht idir an dá linn. Éagóir ar mhuintir Gaeltacht na Gaillimhe – agus ar lucht labhartha na teanga i nGaeltachtaí eile – a bheas ann má leantar ar aghaidh leis an toghchán faoi na teorainneacha atá anois ann. Toghchán ar leathmháing a bheadh ina leithéid, nó toghchán leath-Ghaeltachta, agus tionchar ollmhór ag Béarlóirí aonteangacha ar an toradh.

Tuigean Éamon Ó Cuív an méid sin. An mbeidh sé de mhisneach aige an rud ceart a dhéanamh – rud nach raibh sé de mhisneach ag aon pholaiteoir eile a dhéanamh ó 1956 i leith – agus tabhairt faoin bhfadhb chasta seo ar deireadh thiar thall? Ar a

Ar an gcéad dul síos, tá na figiúirí bunaithe ar mhionanailís atá déanta ag an léachtóir matamaitice Donncha Ó hÉallaithe ar thorthaí an daonáirimh a rinneadh siar i 1996.

Níor foilsíodh Imleabhar a Naoi den daonáireamh, an t-imleabhar a bhaineann leis an teanga, ach go gairid roimh Nollaig 1998. Ó shin i leith tá mioneolas breise faoi gach toghcheantar áitiúil sa Gaeltacht á scrúdú aige. Tá muid buíoch den Phríomhoifig Staidrimh a chuir an mioneolas breise seo ar fáil dúinn. Foilsítear anseo é don chéad uair, agus is é ár ndearthóir Caomhán Ó Scolaí a chuir na léarscáileanna le chéile.

Baineann an anailís seo le ceisteanna a cuireadh trí bliana ó shin, i 1996. Má lean an pátrún traidisiúnta ó shin – agus níl aon fhianaise ann nár lean – tá an scéal imithe in olcas ó shin.

Agus is fiú a chur san áireamh go bhfuil na torthaí bunaithe ar fhreagraí a thug daoine mar gheall ar a gcumas féin sa teanga. Bíonn a bheagán nó a mhórán den áibhéil i gceist sna cásanna sin.

Cúrsaí Reatha, Nuacht, Spórt, Cláracha agus
scoth an Cheoil ó 0800 go dtí 1930 gach lá den
bhliain FM 92-94 agus FM 102.7 ar fud na tíre.



Áras Mháirtín Uí Chadhain

An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe

Fón: (091) 595101/595038

Facs: (091) 595041

ríomhphost: arasuichadhain@tinet.ie

CÚRSAÍ GAEILGE 1999

Gach leibhéal

Daoine Fásta

Eachtrannaigh

Mic Léinn Triú Leibhéal,
Sainchúrsaí do Chomhlachtaí

An chéad chúrsa eile:

5 - 10 Aibreán 1999



Órdáiocht Chorca Dhuibhne

Cúrsaí Gaeilge do Dhaoine Fásta /Irish Courses for Adults.

Baile an Fheirtéaraigh, Co. Chiarraí

5-10 Aibreán: **Caighdeán Éagsúla**

5-17 Iúil: **Tosnaitheoirí/Beginners**

19-24 Iúil: **Daoine ar bheagán Gaeilge/Post Beginners**

19-24 Iúil: **An Ghaeilge agus an Oidhreacht/
Irish language and Heritage**

9-14 Lúnasa: **Caighdeán Éagsúla/Various levels.**

Gach Eolas: Oidhreacht Chorca Dhuibhne

Baile an Fheirtéaraigh,

Trá Lí,

Co. Chiarraí

Fón: 066-56100 Faics: 066-56348

Ríomh-phost: cfdteo@iol.ie

❧ *Cuisle an Ghrá* ❧



Na trí rudaí is géire amuigh: fiacail naíonáin, focal amadáin, nó súil mná óige i ndiaidh óigshir.

An t-ádh na h-ádh na h-ádh
 An t-ádh na h-ádh na h-ádh
 An t-ádh na h-ádh na h-ádh
 An t-ádh na h-ádh na h-ádh
 An t-ádh na h-ádh na h-ádh
 An t-ádh na h-ádh na h-ádh
 An t-ádh na h-ádh na h-ádh
 An t-ádh na h-ádh na h-ádh

(ní fios cé a chum)

Al Oghaigh an Cháil Cheangailte

Cheall tú sloda is saitin dom,
 callal agus bróga arda,
 is gheall tú tar a éis sin
 go leanfá tríd an tsnámh mé.
 Ní mar sin atá mé
 ach 'mo sceach i mbéal bearna

gach nóin agus gach maidin
 ag féachaint tí m'athar.
 (ní fios cé a chum)



An t-ádh na h-ádh na h-ádh
 An t-ádh na h-ádh na h-ádh
 An t-ádh na h-ádh na h-ádh
 An t-ádh na h-ádh na h-ádh
 An t-ádh na h-ádh na h-ádh
 An t-ádh na h-ádh na h-ádh
 An t-ádh na h-ádh na h-ádh
 An t-ádh na h-ádh na h-ádh

is amháin
 a bhfuil eatartha
 ina lucht.

Nuala Ní Dhomhnaill

Ní fetar
 da lassa fífeá Etan;
 acht ro-fetar Etan Bán
 nícon fhífeá a hoenurán.

I do not know
 who Etan will sleep with,
 but I do know
 that Blonde Etan will not sleep
 alone.

(Leagan Béarla le
 Greene/O'Connor)

Mo ghrá go daingean tú
 Lá dá bhfaca tú
 Ag ceann tí an mhargaidh
 Thug mo shúil aire duit
 Thug mo chroí taitneamh duit
 D'éalaíos ó m'athair leat
 I bhfad ó bhaile leat . . .

Caoineadh Airt Uí Laoghaire

Cuisle an Ghrá

Céad slán leat, a Mháire,
a chéad ghrá mo chroí,
Is mé 'tá go cráite,
go céasta id' dhiaidh,
Aingeal breise anois i bParthas,
folús dearach anseo thíos –
Ó sciob an bás leis,
mo léan gear, m'aon Vaillintín.

—Michael O Dubheampaigh
Carraig na Siune, Co Thiobrad Árann

Ní hamháin gur tú mo ghrá
'S gurb ea le blianta fada
Ach mo chara is fearr ar domhan –
Is tú mo 'anamchara'.

—Máire Stafford, Gaillimh

D'aimsios ribe gnaige
ar m'ionar ar maidín
agus smaoinios ortsa, a ghrá.
Do cheann ar mo ghualainn
mo lámha thart timpeall ort go sásta.

—Cathal O Catháin, Ceatharlach

Mo Vaillintín
Anseo dúinn sa bhliain, suite trasna an bhoird
Is tá tú go sciámhach, a bhean liom, mo rún.
San áit seo do bhiomar, roimh pósadh, ag suiri,
Béile á chaitheamh, ag cáint, ag gáiri;
Ar an sníochán sa chlúid, faoin solas nár ghlé,
Do mheall mise thú, is mealladh mé féin.
Tá leathscór de bhlianta ó tharla sé sin
Agus leathdhosaen clainne anois tá againn;
Ach i gcónaí, i gcónaí, is tusa mo Vaillintín caoin,
Mo chuisle, mo stór, mo ghrá geal, mo mhaoin.

—Seán O Mulláin, Cill Aodha, Co. Phort Láirge

A stór, a stór, a ghrá
Is mise Dara an hunk as Baile Láir
Atá go mór i ngrá le Caroline.
Tá mé ag scríobh an véarsa seo
Le dóchas agus grá
Go mbeidh freagra agam ar an geist:
Ar tú mo Valentine?

Dara O Flatharta
Bea na Dangú, Co na Gaillimhe

Jáir ndallta 's Réalta
Fóran bean ag
Acaun ins na spéirthe
Na m-aingeal ag páig:
Gurb leo mo Bhailintín
'S fua leo go deo
Maris la bhanglaidach
la Bhailintín seo.
Té an saol ag caite
Do bean thú linia
Agus leadh out a airtint
Déa bôn agus dubh.
Bair triall as an saol
Beir gáin ar mo yeart
Biosh fua ag tach eime
Nech dtugamh feat!
(FILE AG THÚ FÉ DHO')



Mo Ghrá thú
mo
Bhailintín!



lig fua o stór
mar ta
mo chara tre thine!

Is mór an dáil
im' cheann ota
Chu bheith ag imirt
leat gach la:
Gach oíche freisin
Is gear mo ghrá
Is tú mo bhlaik
'ois br mo ghrá!

FILE FÉ THÚ

LITIRPHOST

DOST



An raibh tú ar an gCarraig?



IS É an 'file fé thú' thuas a thug an chraobh leis sa chomórtas Vaillintín a d'fhógair muid an mhí seo caite. Fear atá ina chónaí i gCill Áirne atá ann, ach faraor ní raibh a ainm scríofa go soiléir ar an nóta a chuir sé chugainn.


Má chuireann tú d'ainm iomlán chugainn, a fhile, seolfaidh muid seic £50 chugat!

Téann an dara duais, £30, chuig Dara 'an hunk as Baile Láir' as a rann rómánsúil. Is i Máire Stafford, Gaillimh, a tháinig sa tríú háit agus gheobhaidh sí seic £20 uainn.

Bufochas le chuile dhuine a chuir iarratais chugainn. Faraor, ní raibh an spás againn chuile cheann a fhoilsiú. Tá muid buíoch de An Post freisin as urraíocht a dhéanamh ar an gcomórtas.

Urraithe ag an DOST

Uair na Cinniúna don G



GAILLIMH: An scéal is suntasaí faoi Ghaeltacht na Gaillimhe ná go bhfuil an teanga á creimeadh siar ón Spidéal, beagnach chomh fada le ceannáras TnaG. Cé go bhfuil líon ard cainteoirí sa cheantar go fóill, tá an teanga faoi bhrú anois ann.

Is minic daoine ag clamhsán faoin gcuid sin de chathair na Gaillimhe atá sa Ghaeltacht. Cé gur íseal an líon daoine a labhrann an Ghaeilge go laethúil ann — 481 as 6,000 duine fásfa — tá an líon sin níos airde ná an Achréidh. Tá Bearna agus Maigh Cuilinn faoi bhun 20% chomh maith.

AN MHÍ: Is beag Gaeilge atá fanta i mBaile Ghib. Is cúis iontais é nach bhfuil ach 51% den phobal fásfa ag labhairt na Gaeilge go laethúil i Ráth Cairn.

THART AR 21,000 duine fásfa os cionn 19 bliain d'aois a labhrann Gaeilge gach lá sa Ghaeltacht. Anuas air sin, is Gaeilgeoirí laethúla thart ar 50,000 duine fásfa eile taobh amuigh den Ghaeltacht.

Is le daoine fásfa amháin a bhaineann an cuntas seo a leanas, agus na léarscáileanna agus na táblaí a ghabhann leis. Is figiúirí réadúla atá sa gcuntas, agus is ar fhiigiúirí réadúla is ceart gach plé a dhéanamh maidir le todhchaí na Gaeltachta.


Má chuirtear gasúir scoile san áireamh, cuirtear an scéal as a riocht, agus bíonn áibhéil ann. Is minic go gcuirtear síos ar ghasúr scoile mar 'chainteoir Gaeilge', fiú amháin muna labhrann sé í ach sa rang scoile.

Bíonn bearna idir na céadchodáin do dhaoine fásfa agus na cinn do ghasúir nuair

a chuirtear san áireamh iad. Is mó an difríocht sna ceantair is laige Gaeilge. Mar shampla, ar an gCeathrú Rua labhrann 89% den daonra faoi bhun 19 an Ghaeilge go laethúil, agus labhrann 88% de na daoine fásfa í.

Ach i mBéal a' Mhuirthid labhrann 32% den aoisghrúpa scoile í i gcomparáid le 7% den daonra fásfa. Im' thuairimse, bheadh anailís bunaithe ar an daonra iomlán lochtach mar go mbeadh an pictiúr sna ceantair laga curtha as a riocht ag áireamh na ngasúr scoile.

Is botún mór a bheadh ann staid na teanga a mheas de réir na bhfigiúirí amháin, áfach. Cé nach labhrann ach 51% de phobal fásfa Ráth Cairn an Ghaeilge go laethúil, mar shampla, is cosúil gurb í atá in uachtar in imeachtaí an phobail — sna scoileanna, san eaglais, san ionad pobail, sa chomharchumann, sa siopa.



Maigh Eo: I dtuaisceart Mhaigh Eo níl ach ceantar amháin, thart ar Cheathrú Thaidhg, is féidir a áireamh ina cheantar Gaeltachta. I ndeisceart an chortae, taobh ó dheas de Thuar Mhic Éidigh, tá greim áirithe i gcónaí ag an nGaeilge thart ar Fhionnaíthe. Tá a dhóthain Gaeilge fós in Eachléim le gur fiú seans a thabhairt don cheantar. Tá sé ar aon dul le Gaeltacht na Ríne.

Ní labhrann ach duine fásta amháin as gach 14 an teanga go laethúil i mBéal an Mhuiridh. Tá rian na Gaeilge fós sa Chorrán ach tá Acaill go maith faoi bhun 20%.

Is de bharr síordhúthracht na gcinnirí pobail atá an teanga á coinneáil beo sna Gaeltachtaí sin, in ainneoin bhrú millteanach an Bhéarla ar gach taobh.

Na Breac-Ghaeltachtaí


NÍOR MHÓR scrúdú a dhéanamh ar na ceantair idir 20% agus 40% féachaint cén stádas atá ag an nGaeilge sna hinstitiúidí pobail – na scoileanna, an eaglais, imeachtaí pobail – le breithiúnas tomhaiste a thabhairt orthu.

I measc na gceantair sin, tá Na Forbacha i nGaillimh; Corrán Acla i Maigh Eo; Gleann Cholmille agus Ros Goill i dTír Chonaill; agus an Daingean i gCorca Dhuibhne.

Is cinnte nach ceantair Fíor-Ghaeltachta iad. B'fhéidir go mba chóir go mbeadh rogha le déanamh ag na pobail sin – agus a rá go soiléir, má roghnaíonn siad stádas Gaeltachta, go mbeidh ar scoileanna an cheantair oideachas trí Ghaeilge a chur ar fáil – muna bhfuil sé ar fáil ann cheana.

Ceantair dhátheangacha

Ar na ceantair idir 40% agus 60% tá Cor na Móna i dtuaisceart na Gaillimhe; Angaire agus Teileann i dTír Chonaill; agus Fionn Trá i gCorca Dhuibhne. Gaeltachtaí dhátheangacha iad ina bhfuil líon suntasach Gaeilgeoirí laethúla, ach an Béarla in uachtar sa phobal, den chuid is




Dún na nGall: Na ceantair le cósta ó dheas de Anagaire síos go Ard Rátha, is ar éigean go bhfuil mórán níos mó Gaeilge á labhairt iontu ná mar atá in áit ar bith sa tír. Thart ar Ailt an Chorráin, as 1,000 duine fásta ní raibh ach 56 a dúirt go mbíonn Gaeilge á labhairt go laethúil acu. An scéal céanna sa Chlochán Liath agus i gCill Charthaigh, gan ach duine fásta as gach seachtar ag labhairt na teanga go laethúil.

Tá creimeadh mór sa Ghaeltacht Láir. Ba dheacair aitheantas Fíor-Ghaeltachta a thabhairt d'aon chuid di.

San iardheisceart is é Teileann an t-aon cheantar le céadchodán os cionn 40%. Tá an toghcheantar ina bhfuil Gleann Cholmille sách íseal ag 33%, in ainneoin obair Oideas Gael.

Corcaigh: Níl aon cheantar ar féidir Fíor-Ghaeltacht a thabhairt air i gCorcaigh. Tá ceantar amháin, Gort na Tiobhran, a bhfuil rinnt Gaeilge á labhairt ann ach is lagcheantracha iad an chuid eile. Tá Cill na Martra faoi bhun 20%.



mó.

Gaeltachtaí faoi bhrú

Sna ceantair idir 60% agus 80% tá an dá theanga á labhairt go coitianta. Seans gurb í an Ghaeilge atá in uachtar sna cinn is

airde acu ach gur mó seans gurb é an Béarla atá in uachtar sna háiteanna atá gar don 60%. Seo ceantair ar gá cúram ar leith a dhéanamh díobh le cinntiú nach n-athróidh an teanga phobail iontu.

San áireamh anseo tá ceantar an Chnoic

i nGaillimh, Arainn Mhór i dTír Chonaill, agus cuid d'íardheisceart Chorca Dhuibhne. Níor mhór iniúchadh a dhéanamh orthu féachaint cén úsáid a baintear as an nGaeilge sna scoileanna, in imeachtaí pobail srl le fíorstaid na teanga a mheas. Níor chóir stádas Fíor-Ghaeltachta a bhronnadh ach ar na ceantair a bhfuil an chosúlacht air go bhfuil an Ghaeilge in uachtar iontu.

nGaeilgeoirí laethúla, is féidir a rá gan ambras ar bith go bhfuil an Ghaeilge in uachtar iontu. Is iad seo a leanas na Gaeltachtaí is láidre atá fágtha: Conamara ó Indreabhán siar chomh fada le Carna; Bun Beag, Gaith Dobhair, Gort an Choirece, Machaire an Chlochair agus Dún Lúiche i dTír Chonaill; Dún Chaoin agus Cuas-An Fheothanach i gCorca Dhuibhne.

aon labhairt teanga a dhéanann na daoine a leanas síos faoi na ceantair teangeacha ba chóir a chaitheamh ag ionas stáit nó ag comhlachtaí príobháideacha sna ceantair sin.

Ag an am, baintar faoi phoblachtaí an nGaeilge a dhéanamh i dtír na hÉireann go mbeaí na ceantair teangeacha ag

teacht leis an bhfírinne – go ndéanar agus an tiallas faoi chumadóir ag Jackie Healy-Rae, Harry Blaney agus Tomás Mac Giolla Dá. Tá ceantair móra Ghaeltachta (mar atá sí) i tuair cheantair an tuair TD, go bhfuil cuid mhór de na ceantair sin le goarradh amach dá ndéanamh athbheithnín macánta.

Gaeltachtaí láidre

Gá le planáil

Na ceantair a bhfuil os cionn 80% den daonra fásfa ina

Muna géirítear leagan amach nua ar an nGaeltacht, ní féidir

Ros Muc tops the list

THE District Electoral Division (DED) of Turlach (Ros Muc) is the most strongly Irish-speaking area in the country, according to an analysis of the 1996 census returns (see tables on facing page).

A total of 91.9% of adults over 19 years old said they spoke Irish on a daily basis, in response to a new census question which for the first time asked how often they spoke the language. In second place was Scainimh DED (Cill Chiaráin), also in the Connemara Gaeltacht, with 90.3%. Min an Chladaigh (Cnoc Fola) in the Donegal Gaeltacht came third, with 88.5% of daily adult speakers.

This robust performance contrasts strongly with that of many other DEDs, where the language has all but disappeared although the area remains within the official Gaeltacht boundaries. Almost half of all the DEDs in the Gaeltacht – 68 out of 139 – returned daily usage levels for adults of under 20%. A further 29 DEDs returned levels of usage between 20% and 40%; while 12 DEDs fell between 40% and 60% and 16 between 60 and 80%.

This leaves only 14 DEDs remaining in the country where Irish is spoken on a daily basis by over 80% of the adult population. These 14 DEDs account for 17% of the total Gaeltacht population.


In general, the analysis shows the Fíor-Ghaeltacht has shrunk to a fraction of the size it was when the state was established. In Kerry the Fíor-Ghaeltacht is now restricted to a small area around Dún Chaoin, and the area around Feothanach. Irish is in full retreat in north Mayo. Most of the county's official Gaeltacht areas – with the notable exception of Ceathrú Thaidhg at just under 70% – returned levels of daily adult usage which fell well below 20%.

A question mark hangs over the smaller Breac-Ghaeltacht areas of Ring in Co Waterford (40-60%); Múscraí in west Cork (20-40%); and Ráth Cairn in Co Meath (51%), despite valiant efforts by community leaders on the ground.

At the lower end of the scale, DEDs where less than 5% of adults said they spoke Irish every day included Na Muingí, Cleann na Muaidhe, Barr Rúscá, Béal Deirg Mór and Guala Mhór (all in Mayo); Eanách Dhúin and An Leaca Bheag in Galway, and Mainistir Gaoithe, Cathair Dónall and Loch an Choireáin in Kerry.

The two least Irish-speaking DEDs in the official Gaeltacht are Loch an Choireáin in Kerry and Guala Mhór in Mayo.


Uinsíonn Mac Dubhghaill



Ciarraí: Seachas Baile

na Sceilge (23%), tá gach toghcheantar in Uíbh Ráthach faoi bhun 20%. Ní labhrann ach 21% den daonra fásfa sa Daingean an teanga go laethúil. Tá na ceantachra i gCorca Dhuibhne a cuireadh leis an nGaeltacht in aimsir Tom O'Donnell – an Clocháin, Baile Dubh agus Cnoc Bréanainn – chomh lag céanna le hUíbh Ráthach.

Port Láirge: Cosúil le Corcaigh is Breac-Ghaeltacht í an Rinn, cé go bhfuil comharthaí ann go bhfuiltear á labhairt le páistí. Tá Gaeilge á labhairt ag 52% de na gasúir réamhscoile 3-4 bliana d'aois i gcomparáid le 33% de na daoine fásfa. Is beag Gaeilge atá sna bailte fearainn breise a cuireadh leis an nGaeltacht i 1974.



CAINTEOIRÍ LAETHÚLA GAEILGE SA GHAELTACHT (DAOINE FÁSTA)

NA TOGHCHEANTAIR IN ORD

Ord	DED (Toghcheantar)	Contae	Daoine Fásta > 19 mbl.		
			Daonra > 19 bl.	Gaeilge go laethúil	% Gaeilge go laethúil
1	Turlach (Ros Muc)	Gaillimh	419	385	91.9
2	Scainimh (Cill Chlaráin)	Gaillimh	413	373	90.3
3	Mín an Chladaigh (Cnoc Fola)	Dún na nGall	940	832	88.5
4	An Crampán (An Cheathrú Rua)	Gaillimh	1436	1258	87.6
5	Garmna (Garmna & Leitir Mealláin)	Gaillimh	845	737	87.2
6	Camus	Gaillimh	258	225	87.2
7	Cill Chúain (Feothanach)	Ciarráí	298	256	85.9
8	Górt an Chloice	Dún na nGall	1101	933	84.7
9	Dún Lúiche	Dún na nGall	457	376	82.3
10	Cill Chuimín (Tulach/Ros a Bhí)	Gaillimh	819	671	81.9
11	Leitir Mór	Gaillimh	545	446	81.8
12	Dún Caoin	Ciarráí	110	90	81.8
13	Abhainn Ghabhla (Coill Sáile/Doire Iorrais)	Gaillimh	232	188	81.0
14	Machaire an Chlochair (G. Dobhair)	Dún na nGall	1900	1537	80.9
15	An Cnoc Buidhe (Carna)	Gaillimh	583	463	79.4
16	An Ros (Seanafarachán)	Gaillimh	84	65	77.4
17	Sailearna (An Cnoc)	Gaillimh	736	567	77.0
18	Inis Mór (Oileáin Árann)	Gaillimh	917	698	76.1
19	Cill Mhaolchóradar (Baile na nGall)	Ciarráí	387	289	74.7
20	Dún Urlann (Dún an Óir)	Ciarráí	276	206	74.6
21	Cill Ainín (Na Minna)	Gaillimh	556	413	74.3
22	Máthain (Balle an Fheirtéirigh)	Ciarráí	145	102	70.3
23	Cnoc an Dairh (Ceathrú Thaidhg)	Maigh Eo	302	210	69.5
24	An Spidéal	Gaillimh	774	538	69.5
25	Cill Cuimín (Gleann Treasna)	Gaillimh	85	56	65.9
26	Abhainn Bran (Fionnaithe)	Maigh Eo	219	140	63.9
27	Cró Beithe	Dún na nGall	124	79	63.7
28	Gleann Léithin	Dún na nGall	140	86	61.4
29	Árainn Mhór	Dún na nGall	426	260	61.0
30	An Grafadh	Dún na nGall	176	106	60.2
31	Fionn Trá	Ciarráí	261	155	59.4
32	Baile na Finne	Dún na nGall	200	114	57.0
33	Anagaire	Dún na nGall	1440	766	53.2
34	Górt na Tíobratán (Cúil Aodha)	Corcaí	283	150	53.0
35	Baile an Chalaigh (Ballinacalla)	Maigh Eo	171	90	52.6
36	Rath Mór (Rath Chaim)	Mí	204	104	51.0
37	Conga (Corr na Móna)	Gaillimh	379	166	43.8
38	Gleann Cholmáille (Teileann)	Dún na nGall	521	226	43.4
39	An Geata Mór Theas (Eachléim)	Maigh Eo	649	280	43.1
40	Oileán Chléire	Corcaí	105	43	41.0
41	An Croisbhealach (An Fálcharrach)	Dún na nGall	1488	608	40.9
42	An Rinn#	Port Láirge	555	222	40.0
43	Ros Guill	Dún na nGall	566	226	39.9
44	Ait na Pálste	Dún na nGall	123	49	39.8
45	An Clochán	Dún na nGall	341	130	38.1
46	Béal Átha an Ghaorthaigh (1)	Corcaí	498	188	37.8
47	An Dúcharaidh	Dún na nGall	62	23	37.1
48	Na Forbacha	Gaillimh	713	264	37.0
49	Na hUilleannaí (Bun an Chnoic)	Gaillimh	69	24	34.8
50	Na Gleannra				
	(Comharsanacht an Daingin)	Ciarráí	856	287	33.5
51	Cill Ghabhlaigh (Gleann Cholmáille)	Dún na nGall	292	97	33.2
52	Fanaid Thiar	Dún na nGall	172	57	33.1
53	Sliabh Riabhach (Baile Mhúirne)	Corcaí	505	147	29.1
54	Cill Bríde	Mí	149	43	28.9
55	Málainn Beag	Dún na nGall	245	68	27.8
56	Inis Chaol (Leargán na Saortha)	Dún na nGall	114	30	26.3
57	Uilleannaí (Cúil an Bhuacail)	Corcaí	355	93	26.2
58	Minn Ard (Minard)	Ciarráí	254	66	26.0
59	Claonráth#	Corcaí	137	33	24.1
60	Cinn Ard (Lios Deargáin)	Ciarráí	265	63	23.8
61	Cnoc Bréanainn (Cuas)	Ciarráí	114	27	23.7
62	Baile Átha Bui	Mí	30	7	23.3
63	Sliabh an Aonaigh (Baile Nua)	Gaillimh	381	88	23.1
64	An Ceapach Dubh	Maigh Eo	219	50	22.8
65	Baile an Scailg	Ciarráí	277	63	22.7
66	An Corr (Tír na Cille)	Gaillimh	133	29	21.8
67	Muing na Bó (Muingnabo)	Maigh Eo	241	51	21.2
68	An Daingean	Ciarráí	1013	213	21.0

NA TOGHCHEANTAIR IN ORD (an lean)

Ord	DED (Toghcheantar)	Contae	Daonra > 19 bl.	Gaeilge go laethúil	% Gaeilge go laethúil
69	Doire Finín	Corcaigh	154	32	20.8
70	Cró Caorach	Dún na nGall	134	27	20.1
71	Corrán Acla	Maigh Eo	492	99	20.1
72	Ceann Droma (Candroma)*	Corcaigh	177	35	19.8
73	An Clochán (Clognane)	Ciarráí	161	31	19.3
74	An Baile Dubh (Ballyduff)	Ciarráí	94	18	19.1
75	Bearna	Gaillimh	1342	253	18.9
76	Cnoc na Cathrach	Gaillimh (Cath)	55	10	18.2
77	Carraig Airt	Dún na nGall	223	40	17.9
78	Baile Mhac Airt	Port Láirge	190	34	17.9
79	Baile Odhbha (Tuar Mhic Chéidigh)	Maigh Eo	135	24	17.8
80	Acaill (Bun an Chorraigh)	Maigh Eo	697	123	17.6
81	Muigh-Iorras (Sraith Salach)*	Gaillimh	113	19	16.8
82	An Fháirche	Gaillimh	738	123	16.7
83	Leitir Mhic a Bhaid	Dún na nGall	490	81	16.5
84	Mín an Lábáin	Dún na nGall	31	5	16.1
85	Ceanúig#	Ciarráí	112	18	16.1
86	An Craoslach*	Dún na nGall	46	7	15.2
87	Cill Chárthaigh	Dún na nGall	450	68	15.1
88	An Clochán Liath	Dún na nGall	1259	184	14.6
89	Fanaid Thuagh	Dún na nGall	377	54	14.3
90	Tamhnaigh na Gróighe*	Maigh Eo	64	9	14.1
91	Doire Ianna (Cnoc na gCapall)	Ciarráí	163	22	13.5
92	Crannphort*	Dún na nGall	290	26	13.0
93	Dubhach Éige	Maigh Eo	499	64	12.8
94	Gleann Gels*	Dún na nGall	97	12	12.4
95	Imeall Ghaeltacht Dhún na nGall (2)	Dún na nGall	172	21	12.2
96	Tulach Aodháin*	Gaillimh	574	70	12.2
97	Maigh Cuilinn	Gaillimh	630	76	12.1
98	An Gleann Iarthach	Ciarráí	108	13	12.0
99	Cill na Martra*	Corcaí	218	26	11.9
100	Baile an Teampaill (Caisleán Gearr)	Gaillimh	130	15	11.5
101	An Leargán Mór*	Dún na nGall	288	33	11.5
102	Tearman	Dún na nGall	124	14	11.3
103	Baile Bhric#	Ciarráí	80	9	11.3
104	An timleach	Ciarráí	230	25	10.9
105	Tailteann (Baile Ghib)*	Mí	210	22	10.5
106	Leitir Breacáin*	Gaillimh	58	6	10.3
107	Ceathrú Brún	Gaillimh	370	37	10.0
108	Machaire (Port Nua)	Dún na nGall	480	47	9.8
109	Ard an Rátha*	Dún na nGall	41	4	9.8
110	Cnoc na Ráth (Gaoth Sáile)	Maigh Eo	559	51	9.1
111	Ard Mhór*	Port Láirge	44	4	9.1
112	Doire Fhionáin	Ciarráí	133	12	9.0
113	Gleann Chaisil (Sraith)	Maigh Eo	300	27	9.0
114	Donaghpatrick (Baile Gib)	Mí	312	28	9.0
115	Tír an Iarthach*	Ciarráí	79	7	8.9
116	Cnoc na Lobhar (Póil a' Thómais)	Maigh Eo	557	48	8.6
117	Baile Chláir na Gaillimhe	Gaillimh	690	59	8.6
118	Bearna*	Gaillimh (Cath)	2947	243	8.2
119	Cloch na Rón*	Gaillimh	74	6	8.1
120	Mionlach	Gaillimh (Cath)	2453	183	7.5
121	An Geata Mór Thuaidh	Maigh Eo	584	43	7.4
122	Mulmusóg*	Dún na nGall	97	7	7.2
123	Béal a' Mhuirthid	Maigh Eo	1207	87	7.2
124	Caisleán Gearr*	Gaillimh (Cath)	641	45	7.0
125	An Carn Mór	Gaillimh	958	64	6.7
126	Na Gleannra*	Dún na nGall	93	6	6.5
127	Beannchor*	Gaillimh	158	10	6.3
128	Cnoc Eala*	Dún na nGall	99	6	6.1
129	Inis Mhic an Duirn (Ait an Chorráin)	Dún na nGall	976	56	5.7

Sua toghcheantair seo a leanas bhí cealadan na gcainteoirí laethúla fásta faoi mhín 5% (in ord - an t-éileas an gceann is árd): Na Munqui, Maigh Eo, Eanáir Dhúin, Gaillimh, Gleann na Maonthe, Maigh Eo, Mionlach, Gaillimh, Ciarráí, Cathain Dombhail, Ciarráí, Baile Breac, Maigh Eo, An Leaca Bheag*, Gaillimh, Beal Deng Mór, Maigh Eo, Loch an Chlochair, Cathain agus Guala Mhór*, Maigh Eo.

Nótaí: (1) Tá dhá DED curtha san áireamh anseo. Níl ceann acu go hiomlán sa Ghaeltacht. (2) Deich gceantar le daonra beag ar imeall thoir na Gaeiltachta Láir. (3) San áit a bhfuil * níl an DED iomlán san áireamh, ach an chuid dhó atá sa Ghaeltacht. (4) San áit a bhfuil # tá an DED san áireamh ina iomláine, cé go bhfuil cuid dhó sa Ghaeltacht.

Cácaí Bocstaí

GLAIC litreacha a tharla chugam i rith na míosa ó chuid de na hiarchimí thar sáile. Baineann siad le scéal na gcácaí Gaeilge (féach *Cuisle* mhí Eanáir).

"Is furasta duitse a rá gur cuid den stair atá sna cácaí Gaeilge," arsa an chéad litir, "ach smaoinímse orthu fós gach lá de mo shaoghal. Ní hamháin go ndearna na cácaí Gaeilgeoir díom, ach mhúch siad gach focal Béarla dá raibh i mo bhlaosc. Ag cuartú cácaí Béarla atáim ó shin." (Cóip den litir seolta chuig an Aire).

Síleann duine eile gur chácaí bocstaí a bhí sna cácaí Gaeilge. "Bhíodh boladh na gcácaí ar fud an champa gach maidin leis an lá,"



'An bhfull Béarla na hÉireann agatsa?'

arsa an dara litir, tagairt don champa géibhinn idir An Caisleán Riabhach agus Áth Luain.

"I mo pháiste dom i gCúil Mhuine, sin é an boladh a bhíodh romham sa mbaile ar m'fhilleadh dom ón scoil: boladh na gcácaí bocstaí.

Arb ionann an cáca Gaeilge agus an cáca bocstaí más ea? Meath na Gaeilge agus meath na gcácaí bocstaí, sin dhá ní a tharla le linn a chéile. Agus ó tháinig bia an tsiopa, an builín bog beadaí agus Cuisine

de France, tá an Ghaeilge ag dul i leimhe, i léithe agus i laige.

Béarla na hÉireann

NÍ TAISE dar ndóigh do Bhéarla na hÉireann. Fad is a bhí muintir na Galltacha dílis don bhocstaí, bhí Béarla acu 's *substratum* Gaeilge faoi. Fad is a bhí boladh na gcácaí bocstaí i gCúil Mhuine, bhí iarann i mBéarla na ndaoine, Béarla garg, tíriúil nach mbeidh a leithéid arís ann.

Is fiú an sliocht seo leanas as litir an bhocstaí a lua freisin.

"Múchaimís TnG agus fillimís ar na cácaí bocstaí," a deir an t-údar. "Tiocfaidh fonn seanchais agus scéal-aíochta orainn nuair a



CLOCHA BEAGA SCARHA
Diarmuid Johnson

gurb í féin a dhéanadh na cácaí Gaeilge. Deir sí go bhfuil aiféala uirthi faoina cuid bÁCála. I mBéarla a bhí an litir. "Expectations were too high. Language change had already taken place. It was all turn-of-the-century romanticism. They were giving out cakes all over the country while Gaeltacht people continued to raise their children through English. Expansion is out of the question if there are fences to be fixed in the back yard. Rome didn't fall in a day. No man is an island. Hunger is the best sás . . ." Leanann an litir ar aghaidh, lorg na háibhéile uirthi.

BLAS den cheathrú litir fós. "Beatha duine a thoil, ach beatha duine a theanga chomh fada is a bhaineann leis na cácaí Gaeilge. Dá réir sin, áfach, is Iodáilis a bheas in Éirinn go luath, agus i dtíortha go leor eile: féach an dúil atá ag daoine sna pizzas. Agus rud eile, ba cheart *Cuisle* a bheith sa seanchló, ní leanann séimhiú an ginideach iolra sa chéad díochlaonadh, agus ní ceart na mná a ligint sna sagairt," (ainm agus seoladh ag an eagarthóir).

Má tá tú féin ar lucht déanta nó ar lucht ite na gcácaí bocstaí, a léitheoir, ba spéis linn do thuairim faoi na cúrsaí seo. Cá bhfios nach dtiocfaidh na cácaí i réim athuair? Munar tada eile é, b'fhéidir go bhfuil slánú Bhéarla na hÉireann iontu. Níor bheag sin, is níor mhór é.

Hunger the best sás

BA DHÍOL spéise an tríú litir a fuair eas freisin. Bean a mhaíonn

A major national initiative is needed to tackle the rapid decline of Irish in the Gaeltacht. But there is no political will to undertake such an ambitious strategy, according to the chairman of Údarás na Gaeltachta, Gearóid Ó Tuathaigh. Uinsíonn Mac Dubhghaill reports on an Údarás without authority and its disappearing *raison d'être*

Uair na cinniúna don Ghaeltacht

Ach níl an toil pholaitiúil ann le dul i ngleic le creimeadh na teanga

TÁ GÁ le plean mór náisiúnta leis an nGaeilge a tharrtháil sa Ghaeltacht, a deir cathaoirleach Údarás na Gaeltachta, Gearóid Ó Tuathaigh. Ach ní dóigh leis go bhfuil an toil pholaitiúil ann chun a leithéid de phlean a chur le chéile, gan trácht ar é a chur i gcrích.

Ag labhairt dó ag an athbhreithniú bliantúil ar thorthaí an Údaráis, dúirt sé go raibh "ábhar machnaimh agus ábhar imní" don Údarás sna figiúirí daonáirimh. Cé go raibh torthaí fóna ar a n-iarachtaí le postanna a chruthú, ba léir nach raibh ag éirí leo stop a chur le creimeadh na teanga.

Bíonn an tÚdarás ag plé le comharchumainn, forbairt phobail agus "ar bhonn teoranta" le siamsaíocht agus le cúrsaí ealaíne. "Tá i bhfad níos mó ná sin ag teastáil má tá aon athrú le teacht, má tá an rud le socrú síos fiú amháin," a dúirt sé.

"Ciallaíonn sé sin, cuir i gcás, caiteachas ó thaobh cúrsaí oideachais de, ón naíonra ar aghaidh. Ciallaíonn sé caiteachas ar imeachtaí óige, ciallaíonn sé bonnagar siamsaíochta agus caitheamh aimsire – gur cuid de TnaG, na rudaí atá maoinithe go dtí seo, ach gur cuid mhaith freisin nach bhfuil maoinithe."

Lean sé leis. "Tá coiste idir-rannach ag plé conas is fearr sciar ceart d'fháil le caiteachas ar imeachtaí óige sna ceantair



Ghaeltachta. Tá ráite linn go mbeidh toradh an phlé sin ar fáil go luath."

Go ginearálta, tá "beartais i bhfad níos cuimsithí" ag teastáil ná an méid is féidir leis an Údarás a dhéanamh, dar leis. "Tá sé ráite agam go minic nach bhfeicimse go bhfuil an toil pholaitiúil ann. Nílím ag caint ar an Rialtas atá ann faoi láthair, ach nach raibh an toil pholaitiúil ann le tamall chun práinn na géarchéime a aithint agus chun dul i ngleic leis."

Maidir leis an leasú atá beartaithe ar chomhdhéanamh bhord an Údaráis, dúirt Ó Tuathaigh gur tháinig plean an Rialtais duine ón Roinn Airgeadais a ainmniú "anair aduaidh" ar fheidhmeannaigh agus ar chomhaltaí an Údaráis.

"Ba é moladh an Údaráis féin cúpla bliain ó shin, agus arís le fíordhéanaí, gur Údarás lán-tofa a bheadh oiriúnach. Údarás lán-tofa an aighneacht a chuaigh isteach," a dúirt sé.

An seastaidh Ó Cuív le Béarlóirí na Gaillimhe?

LEANFAR leis an éagothromatocht vótála idir cathair na Gaillimhe agus an Ghaeltacht i dtoghchán an Údaráis, ainneoin geallúintí ón Aire Stáit Ó Cuív go dtreiseofar ar an daonlathas sa Ghaeltacht.

San agallamh ar RnaG dúirt sé an méid seo: "Beidh vóta ag muintir na Gaeltachta uilig i dtoghchán an Údaráis. Is ceist eile é an scrúdú a chaithfear a dhéanamh ar theorainneacha na Gaeltachta. Is é an socrú atá ann go mbeidh vóta ag chuile dhuine, muintir na cathrach san áireamh, i dtoghchán an Údaráis." Níl sé soiléir fós an reachtálfa an toghchán ar an lá céanna leis an toghchán don Phairlimint Eorpach – 11 Meitheamh. San agallamh céanna, dheimhnigh an tAire Stáit go mbeadh sé ar siúl am éigin i mbliana.

"Ní féidir liomsa a rá ag an bpointe seo an mbeidh sé ar an lá céanna is a bheidh toghchán na hEorpa nó an mbeidh sé san

fhómhar – brathann sin cuid mhaith ar cé chomh luath is is féidir linn na reachtaíocht seo a fháil rite," a dúirt sé.

Má ritear an toghchán ar an lá céanna leis an gceann Eorpach, beidh sé ag lean-aíocht leis an tionchar a bhíonn ag Béarlóirí na cathrach ar an toghchán, in áit cur leis an daonlathas Gaeltachta. Fadhb leanúnach í sna toghcháin don Údarás le blianta anuas go gcuirtear ar siúl iad an lá céanna a mbíonn an toghchán Eorpach ar bun.

Tá na mílte Béarlóirí ina gcónaí i gceantiracha uirbeacha atá taobh istigh de limistéir oifigiúla na Gaeltachta. Ar an ngnáthshli, is beag suime a chuireann a bhfórmhór i ngnóthaí an Údaráis, agus dá mbeadh an toghchán don Údarás ar siúl leis féin gach seans nach mbacfaid siad le dul amach chun a vótaí a chaithreamh. Cé gur réiteach lochtach é sin ar fhadhb na limistéirí Gaeltachta, ar a laghad bheadh

tionchar níos mó ag fíorphobal na Gaeltachta ar an toradh ná mar a bhíonn nuair a ritear an toghchán ar an lá céanna le toghcháin eile – na toghcháin áitiúla agus an ceann Eorpach, mar shampla.

Sa chás sin, bíonn claonadh ag na Béarlóirí a gcuid vótaí a chaithreamh de réir a ndúlseachtaí polaitiúla, fiú amháin muna bhfuil mórán aithne acu ar na bliantóirí do bhord an Údaráis. Bíonn na páirtithe polaitiúla sásta leis an *status quo* seo, ach cuirtear an toghchán as a riocht agus baintear de ghuth mhuintir na Gaeltachta.

Inseoidh an aimsir an mar sin a bheas an scéal arís i mbliana. Más ea, beidh cruthúnas againn ar scileanna cumarsáide Uí Chuív – gur fear é atá in ann labhairt amach as dhá thaobh a bhéil ag an am céanna, an daonlathas Gaeltachta ar thaobh amháin agus vótaí na mBéarlóirí ar an taobh eile.

Uinsíonn Mac Dubhghaill

Cloisfear guth na nGaeltachtaí beaga ar an Údarás feasta, a deir **Uinsionn Mac Dubhghaill**, ach coinneoidh an státchóras greim dhocht ar an stiúir

'Neamhspleáchas' geallta don Údarás

Ach cuach sa nead ón Roinn Airgeadais

DEIR Éamon Ó Cuív, Aire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán, go dteastaíonn uaidh "tuilleadh smachta" a thabhairt do mhuintir na Gaeltachta ar a ngnóthaí féin.

Ag an am céanna, deir sé go bhfuil sé "tábhachtach" go mbeadh ionadaí ón Roinn Airgeadais ar bhord Údarás na Gaeltachta, faoi mar atá beartaithe ag an Rialtas.

In agallamh cuimsitheach le Seán Ó Cuirreáin ar Raidió na Gaeltachta, dúirt sé go n-ainmneodh an Rialtas triúr comhaltaí ar an mbord feasta, seachas



an seisear a bhíodh ann. Is iad sin an cathaoirleach, duine óna Roinn féin, agus duine ón Roinn Airgeadais.

"Ó thaobh an chathaoirligh de, ceapadh go raibh sé tábhachtach go mbeadh cathaoirleach ann a bheadh

neamhspleách ar aon Ghaeltacht faoi leith agus a bheadh ann thar ceann na nGaeltachtaí uilig. Ní bheidh an cathaoirleach sin mar bhall d'aon choiste réigiúnach," a dúirt sé.

Bhí sé "tábhachtach" go mbeadh ionadaí ann óna Roinn féin, "le cur leis an gcomhordú idir an Roinn agus an tÚdarás".

Ó thaobh cúrsaí airgeadais de, dúirt sé gur measadh go raibh sé "tábhachtach" go mbeadh ionadaí ón Roinn Airgeadais air freisin, "agus ó tharla gurb é [an tÚdarás] an t-aon bhord stáit sa tír a mbeidh beagnach na hionadaithe uile tofa".

Go dtí seo, bhíodh sé de nós ag an Rialtas ionadaí ó fhoireann an Údaráis a ainmniú ar an mbord. Ní leanfar leis seo faoin struchtúr nua. "Ní bheidh deis ball foirne a ainmniú," a dúirt sé.

Faoin struchtúr nua, beidh toghcheantar amháin i ngach contae ina bhfuil Gaeltacht. Sé an toradh a bheas air sin ná go mbeidh ionadaíocht ag cuid de na Gaeltachtaí beaga ar an Údarás don chéad uair. D'admhaigh Ó Cuív gur cothromaíocht eisceachtúil a bhí i gceist anseo.

"Tá na Gaeltachtaí sin an-scoite amach ó na Gaeltachtaí eile, ach is Gaeltachtaí tábhachtacha iad. Shíl mé — agus ghlac an Rialtas leis — go raibh sé fíorthábhachtach go mbeadh ionadaithe ag na Gaeltachtaí seo ar bhord an Údaráis."

Cé nach mbeidh toghcheantar ar leith ann do na Gaeltachtaí beaga i dTír Chonaill, mheas sé go mbeadh deis níos fearr acu duine díobh féin a thoghadh anois, toisc go dtoghfar ceathrar don chontae in áit na beirte (móide beirt ainmnithe) a bhí ann do dtí seo. Deir Liam Ó Cuinneagáin i nGleann Cholm Cille, agus daoine eile sa cheantar, nach amhlaidh a bheas an scéal, áfach.

Beidh deis níos fearr ag iarrthóirí as iarthar Chonamara. Cúigear a thoghfar as Co na Gaillimhe feasta, seachas an bheirt a bhíodh ann (agus duine as Maigh Eo).

"Tabharfaidh sé sin deis i bhfad níos fearr do na Gaeltachtaí atá i bhfad ón lár — mar shampla, i nGaeltacht na Gaillimhe, ceantar Carna-Chill Chiaráin, nó b'fhéidir ceantar Dhúiche Sheoigheach, nó na hoileáin, duine a thoghadh . . . beidh tionchar nach beag acu ar thoghchán an Údaráis."

Lúb ar lár i bplean an Rialtais

Uinsionn Mac Dubhghaill

TUISCINT neamhghnáthach ar an daonlathas áitiúil is ea an tuiscint atá ag an Rialtas, i bhfianaise a phleananna chun leasú a dhéanamh ar an Údarás.

Laghdú ón seisear ball ainmnithe go triúr atá beartaithe, ach is rud nua ar fad é duine ón Roinn Airgeadais a bheith ar an mbord. Is léir faoi seo áirithe ar na státseirbhísigh i mBaile Átha Cliath an iomarca cumhachta a gheilleadh do na réigiúin, gan smacht de chineál éigin a choinneáil orthu.

Ar ndóigh, tá an Rialtas ag iarraidh Stádas Sprioc a hAon a choinneáil don iarthar, don iarthuaisceart agus don iardheisceart. An bhfuiltear ag iarraidh a chur ina luí ar an maorlathas sa Bhruiséil gur féidir linn a bheith chomh réigiúnach le tír ar bith eile san Aontas Eorpach — ach an fíorsmacht a choinneáil sa lár i gcónaí? Réiteach Éireannach ar fhadhb Éireannach?

Méadófar líon na gcomhaltaí tofa ar bhord an Údaráis ó sheachtar go seisear déag. Anuas air sin tá céimeanna stuama á nglacadh ag an

Aire Stáit Éamon Ó Cuív le cinntiú go mbeidh guth ag cuid de na Gaeltachtaí beaga ar an mbord don chéad uair.

Ach tá míshásamh ar mhuintir na Gaeltachta i ndeisceart Dhún na nGall nach mbeidh toghcheantar acu féin. Leanfar den phátrún traidisiúnta sa chontae agus fágfar iad gan ionadaí dá gcuid féin.

Toghcheantar ar leith do gach contae Gaeltachta a bheas ann, le hionadaíocht mar seo a leanas:

Gaeltacht	Líon comhaltaí tofa	Líon a bhíodh ann
Dún na nGall	4	2
Maigh Eo	2	1 (de ghnáth)
Gaillimh	5	2 (de ghnáth)
An Mhí	1	-
Ciarraí	2	1 (de ghnáth)
Corcaigh	1	1 (de ghnáth)
Port Láirge	1	-

Chomh maith leis sin, cuirfear bonn reachtúil faoi choistí réigiúnda an Údaráis. Trí choiste a bheas ann, faoi mar atá anois ann — ceann don Mhumhan, ceann do Chonnacht/An Mhí agus ceann do Thír Chonaill.

Dúirt sé nach mbeadh an cathaoirleach ná na comhaltaí ainmnithe eile ina mbaill de na coistí réigiúnacha. "Sílím go gcuirfidh sé sin go mór le láidreacht dhaonlathach an Údaráis."

Faoi nua, beidh sé ar chumas an Aire a shocrú go mbeidh cead ag príomhfheidhmeannach an Údaráis tograí beaga a cheadú. "Sílím féin go gcuirfidh sé sin le héascaíocht ó thaobh an Údaráis de, i gceadú tograí beaga."

Beidh cead ag an Aire treoir a thabhairt do na coistí réigiúnacha maidir leis an uasmhéid airgid is féidir leo a bhronnadh mar dheontais. "Tríd is tríd, is féidir a rá ó tháinig mé isteach mar Aire (sic) gur scaoileadh go leor cumhachtaí go dtí an tÚdarás."

Tá sé i bhfábhair "neamhspleáchas" a thabhairt don bhord. "Go ginearálta tá mise i bhfábhair go mbeidh neamhspleáchas nach beag ag an Údarás agus is dóigh liomsa go gcuideoidh sé anois le níos mó neamhspleáchais a thabhairt don Údarás go bhfuil ionadaí ón Roinn agus ionadaí ón Roinn Airgeadais ar an mbord agus go mbeidh saoirse bhreise ar an mbealach sin ann."

Maidir le cumhachtaí breise a bhronnadh ar an Údarás — ceist a tháinig anuas go rialta ó bunaíodh é — dúirt sé nach luafai sin sa reachtaíocht úr. Níor ghá é sin a dhéanamh, dar leis, toisc go raibh scóp leathan ann sna hAchtanna atá ann cheana féin le breis cumhachtaí a thabhairt don Údarás.

"Creidim féin go gcaithfidh an tÚdarás fás ina údarás leathan forbartha agus arís sin an fáth go bhfuil muid ag iarraidh bonn daonlathach a chur faoin Údarás mar tá sé fíorthábhachtach gur mar sin a fheicfear an tÚdarás i

'Creidim féin go gcaithfidh an tÚdarás fás ina údarás leathan forbartha . . . sin an fáth go bhfuil muid ag iarraidh bonn daonlathach a chur faoi'

gcomhthéacs na bhfadhbanna atá le sonrú ag an nGaeiltacht. Tá mé féin i láthair na huaire ag breathnú ar an réimse cumhachtaí is feidhmeannaí ba chearta a bheith ag an Údarás. Ach ní fadhb reachtúil é sin. Is fadhb riaracháin agus fadhb rialtais é sin, ach ní fadhb reachtúil é."

Dúirt an tAire Stáit gur chuir tuairisc ar RnaG — go raibh daoine áirithe ag

iarraidh srian a chur le cumhachtaí an Údaráis — "an-íontas" air.

"Níl aon eolas agam ar an méid sin. Níor cuireadh a leithéide sin in iúl domsa agus, caithfidh mé a rá, 'sé a mhalairt ar fad atá i gceist agamsa mar Aire Stáit. 'Sé a mhalairt ar fad atá i gceist ag an Aire, agus 'séard a theastaíonn uainn a dhéanamh ná tuilleadh cumhachta, tuilleadh smachta agus tuilleadh tionchair a thabhairt do mhuintir na Gaeltachta ar a ngnóthaí féin agus, chomh fada is atá sé praiticiúil, todhchaí na Gaeltachta a fhágáil ag pobal na Gaeltachta — i gcomhar ar ndóigh leis an Aire nó an Aire Stáit a bheas ann ag aon am."

Dheimhnigh sé go mbeadh vóta ag chuile dhuine fásta sa Ghaeltacht oifigiúil sa toghchán. "An fhad is go mbeidh cuid den chathair sa Ghaeltacht beidh vóta acu. Ar ndóigh, is ceist eile é scrúdú a dhéanamh ar na teorainneacha Gaeltachta; tá eolas againn nach raibh riamh cheana [féach an tuairisc ar lch 10].

"Don chéad uair tá figiúirí againn don méid daoine a deireann go labhraíonn siad an Ghaeilge go laethúil is go seachtainiúil, agus beidh scrúdú á dhéanamh ag an Roinn ar an gceist sin."

Dúirt sé gur chearta teorainneacha na Gaeltachta a tharraingt de réir "critéir teangeolaíochta". Thug sé leide go ndéanfaí pé atharraingt a bheadh i gceist tar éis deis a thabhairt do cheantair áirithe a ndílseacht don teanga a léiriú — nó a n-easpa suime.

"Rud amháin nach bhfuil ciall leis, go bhfadtéarmach, go bhféadfadh sé go bhfuil ceantachas ann nach bhfuil taobh istigh den Ghaeltacht go bhfuil líon níos airde cainteoirí laethúla Gaeilge iontu ná mar atá i gcuid de na Gaeltachtaí."

Teora na Gaeltachta á plé 'le blianta'

Uinsíonn Mac Dubhghaill
NÍOR CHÓIR na hathruithe ar bhord Údarás na Gaeltachta a chur siar go dtí go ndéanfar teorainneacha na Gaeltachta a atharraingt, de réir chathaoirleach an Údaráis, Gearóid Ó Tuathaigh.

Dúirt sé go raibh roinnt oibre déanta ar cheist na teorainneacha cheana féin. "Tá a fhios agam go maith go bhfuil an scéal seo á phlé is á mheas i Roinn na Gaeltachta le tamall de bhlianta, agus go bhfuil

faisnéis áirithe bailithe acu. Tá a fhios acu cad iad na ceisteanna atá le cur." Mar sin féin, níor mhaith

'Níor ghá go dtabharfaí Gaeltacht orthu agus níor ghá go mbeadh na cearta céanna acu ó thaobh tacaíochta de is a bheadh ag Ros Muc'

leis na hathruithe ar chomhdhéanamh an bhoird a chur siar ar feadh bliana, agus na teorainneacha a atharraingt in am don toghchán. "Má tá athrú le déanamh ar struchtúr an

tÚdaráis, is dóigh liom gur fearr é a dhéanamh go luath seachas é a chur siar arís is arís," a dúirt sé.

"In aon chóras athraítear na toghcheantair i lár téarma go minic. Ní fál go haer é an próiseas eile san, athmhachnamh iomlán a dhéanamh ar chomhdhéanamh na

Gaeltachta."

Maidir leis na teorainneacha, dúirt sé gur ghá tabhairt faoin athrú go stuama agus go cúramach.

D'fhéadfaí rangú a thabhairt ar ais, faoi mar a bhíodh ann i mblianta tosaigh an tSaorstáit. An uair sin, bhí 'Gaeltacht' oifigiúil ann, chomh maith le 'Breac-Ghaeltacht' oifigiúil.

"B'fhéidir rangú a dhéanamh agus tréimhse 20 bliain a thabhairt do

► Lch 18

Bhí an bhliain ab fhearr riamh ag Údarás na Gaeltachta anuraidh maidir le post-anna nua a chruthú. Ach níor éirigh leis aon dul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir le dhá mhórfhadhb na Gaeltachta – creimeadh na teanga agus an imirce

Leanann an imirce i ré an Tíogair Cheiltigh

D'fhág 6,000 duine an Ghaeltacht le cúig bliana anuas

CRUTHAÍODH 1,295 post lánaimseartha nua anuraidh i gcuideachtaí a fuair cúnamh ón Údarás – an líon is airde riamh.

Ach cailleadh 975 post sa tréimhse chéanna, rud a fhágann glanmhéadú de 320 post, nó ráta fáis 4 faoin gcéad. I 1997 chruthaigh an tÚdarás níos fearr: bhí glanmhéadú de 415 post ann.

Cé gur bhliain rathúil a bhí ag an Údarás ó thaobh postanna de, leanadh den imirce ard amach as an nGaeltacht, go háirithe i measc céimíthe óga.

D'fhág suas le 6,000 duine an Ghaeltacht le cúig bliana anuas, de réir suirbhé a rinne an ESRI. Ciallaíonn sin gur fhág oibrí amháin as gach ceathrar an réigiún, nó ráta eismirce de 25 faoin gcéad.

Bhí cáilíocht tríú leibhéal ag leath na ndaoine a d'ímigh, agus bhí 40% díobh faoi bhun 25 bliain d'aois. Agus tús á chur aige le hathbhreithniú ar thorthaí na bliana, dúirt cathaoirleach an Údaráis, Gearóid Ó Tuathaigh, an méid

seo:

"Cé nach bhfuil an fhaisnéis againn ar imirce isteach, thug an suirbhé seo le fios go raibh cuid den dream ab fhearr agus ab éirimiúla ag fágáil. Tá mór-impleachtaí polasaí ansin do pholasaithe fostaíochta Údarás na Gaeltachta agus, gan dabht – ag glacadh leis gur cainteoirí dúchais cuid mhór de na daoine óga seo – tá impleachtaí tromha cothabhála teanga ann chomh maith."

Is é an cúram is tábhachtaí atá anois ar an Údarás, dar leis, ná postanna ardchaighdeánacha a chruthú a choinneoidh daoine le hoideachas maith sa Ghaeltacht.

"Go dtí seo is sna ceantair uirbeacha a fhaightear de ghnáth na poist sna seirbhísí nua-aimseartha. Is mór an dúshlán é an cineál sin fostaíochta a mhealladh chuig áiteanna iargúlta. Is é seo an dúshlán is mó a gcaithfidh an tÚdarás aghaidh a thabhairt air agus sinn ag druidim i dtreo na mílaoise."

Uinsíonn Mac Dubhghaill

Beagnach 1,300 post nua

POSTANNA i dtionscnaimh nua ab ea an tríú cuid den 1,295 post lánaimseartha a cruthaíodh anuraidh. Comhlachtaí a bhí ag méadú ba chúis leis an dhá thrian eile.

Cruthaíodh thart ar leath na bpostanna nua sna hearnálacha innealtóireachta, leictreonaice agus seirbhísí – na hearnálacha céanna a raibh fás mór orthu go náisiúnta.

Ba sna hearnálacha teicstí, rubair agus plaistigh ba mhó a cailleadh postanna. Bhí deacrachtaí ag roinnt comhlachtaí teicstíle i rith na bliana agus ia dóigh leis an Údarás go gcaillfeadh a thuilleadh postanna san earnáil seo amach anseo.

Leanadh d'iarrachtaí an Údaráis sna réimsí ilmheáin agus foilsitheoireachta leictreonaice le bunú CBB Teo sa Spidéal, comhlacht a dhéanann bogearraí do thionscal an cheoil. Tá comhlacht nua bunaithe i dTír Chonaill, Foinn Chonallacha Teo, le deiseanna fostaíochta a bhaineann leis an gceol ansin a fhiosrú.

Thit líon na bpostanna páirtaimseartha agus séasúracha go suntasach: cailleadh 627 post, ó 4,110 i 1997 go 3,483 anuraidh. Ba san iascaireacht, san fheirmeoireacht éisc agus sa tionscal próiseála éisc go príomha a tharla na caillteanais sin.

Bhí laghdú de 180 post páirtaimseartha san earnáil chlosamhairc.

Teora na Gaeltachta á plé 'le blianta'

Lch 17 ►

cheantair áirithe spriocanna áirithe a bhaint amach maidir le pátrún iompar teanga. Bheinse féin i bhfábhar a leithéid. Ní bheinn i bhfábhar a bheith ag gabháil timpeall ag díbirt pobal anseo is ansiúd.

"Mar atá ráite againn go minic, [dá ndéanfaí amhlaidh] is fíorbheagán pócaí a bheadh fanta agat a shásódh aon chríteir maidir le hiompar teanga san am i láthair.

"Mar sin, b'fhearr liom go mbeadh plean cuimsitheach

ann chun na ceantair atá áirithe sa Ghaeltacht a neartú agus na ceantair atá fíorlag amach is amach, fiú amháin má tá tú ag caint ar Chnoc na Cathrach agus ar Thír Oileáin.

"In áit a bheith á rá, 'táid díbirtithe ón Luan seo chugainn mar is léir don dall nach Gaeltachtaí iad'; b'fhearr liom go ndéarfaí, 'tá stádas aisteach ag na háiteanna seo faoi láthair sa mhéid is go bhfuilid áirithe mar cheantair Ghaeltachta. Ní bheimis ag tabhairt an aitheantais san dóibh, ní bheimis ag iarraidh a chur ina luí ar dhaoine gur ionann Tír Oileáin agus Ros Muc – ach do bheimis á rá go bhfuil

cathair na Gaillimhe níos casta mar áitreann teanga ná mar atá áiteanna eile'.

"B'fhearr díriú ar na háiteanna san agus ar áiteanna eile chun plean teanga a chur i bhfeidhm. Níor ghá gur plean Gaeltachta é. Ach in áit a bheith ag déanamh rud cigireachta is a bheith ag díbirt ceantar, b'fhearr liom go mbeadh an t-athbhreithniú san bunaithe ar choincheap éigin de phleanáil teanga, a bheadh ag tógáil ar rudaí atá ann.

"Agus má tá cuid den tógáil san le bheith ar bhonn atá an-lag – bíodh sé, agus abair amach é.

"Níor ghá go dtabharfaí

'Gaeltacht' orthu agus níor ghá go mbeadh na cearta céanna acu ó thaobh tacaíochta de is a bheadh ag Ros Muc."

Fáilte go Tirellan

TA SE beartaithe ag an Údarás lograí a chrochadh ar imeall na Gaeltachta ag cur fáilte roimh chuaisíteoirí a thagann go dtí an Ghaeltacht. Ní docha go gcrófar ceann san eastat litríochta i dTír Oileáin i gcathair na Gaillimhe, alach, de réir Uí Thuathaigh. "Is féidir leat glacadh leis nach bhfuil muid ag gabháil ag déanamh rud ar bith atá aifeiseach," a dúirt se.

Despite a crushing US blockade for almost forty years, Cuba enjoys almost full literacy and some of the best health services in Latin America. **Darach Ó Tuairisg** reports on an impoverished island people who still know how to dance



VIVA LOS CUBANOS!

S LÉIR cé a chaitheann an briste i gCúba. Níl ómós faoi leith ann do na mná, agus tá a áit féin ag gach duine sa tír. Is iad na mná a dhéanann an chócaireacht, an glanadh agus an obair tí. Amuigh faoin tuath, bíonn orthu go leor siúil a dhéanamh sa teas millteanach ag tarraingt uisce ón tobar. Chuala mé caint ann faoin éigniú taobh istigh den phósadh . . .

Is cosúil go bhfuil taithí ag na mná ar an saol seo, agus tá siad an-bhródúil as a gcuid fear. I dteach amháin a ndeachaigh muid ar cuairt ann, labhair muid le bean dhá bhliain is fiche, páiste óg aici. Dúirt cara liom léi nach bhfaca sé le píosa í. Dúirt sise go bródúil nár thug a fear céile cead di a bheith amuigh mar gheall nár thaitin sin leis. Tá a leithéid sin coitianta i gCúba.



Ní fhanann lánúnacha i bhfad le chéile. Is minic a imíonn na fir ó na mná agus iad ag súil leis an gcéad pháiste, gan iad ach 15 bliana b'fhéidir. Is annamh i gCúba an t-athair agus an mháthair chéanna ag deirfiúr agus deartháir.

Ar an taobh eile den scéal, bíonn na fir ag obair go crua le dollar a shaothrú le bia agus éadach a sholáthar dá gclann. Is rud é sin nach bhfuil éasca. An fear a phioc muide suas ag an aerfort, mar shampla, ba tacsáí ar an margadh dubh a fuair sé le muid a thabhairt chuig an teach.

Fernando a bhí air, agus is máinlia speisialta cúnaimh a bhí ann. Chuir sé ceathrar faoi scian an lá ar bhailigh sé muide ag an aerfort. Bhí sé a trí ar maidin nuair a d'fhág sé ag an teach muid, agus bhí triúr le cur faoi scian aige ag a 7.30 am.

\$12 sa mí an pháigh a shaothraíonn Fernando ón stát. Ba pháigh coicise dó muide a thabhairt ón aerfort chuig an teach. Bhí muide fós ar an leaba an chéad lá eile nuair a tháinig sé le muid a thabhairt timpeall na cathrach ar chúpla dollar eile.

Seachtain ina dhiaidh sin, chas a bhean linn, dochtúir eile, agus d'fhiafraigh mise di an dtaitníonn úllaí léi. Dúirt sí nár ith sí úlla le bliain, go raibh úllaí go hálainn, ach go raibh siad ródhaor, \$1 an ceann. B'fhada go mbeadh úlla arís aici dar léi.

Tuairim is \$12 sa mí a fhaigheann múinteoirí, dochtúirí, innealtóirí agus eile. Saothraíonn

lucht freastail i bhfad níos mó ná sin sna hóstáin ar *tips*, lucht tacsáí ar an margadh dubh, agus daoine eile a bhíonn ag plé le turasóirí.

Sin é cás na ndochtúirí, ach cén saol atá ag na daoine nach bhfuil in ann obair ar bith a fháil? Níl aon *dole* ann. Chas ceathrar *lads* orainn in Pinar Del Rio, cathair bheag tuairim is céad míle ó Havana. Thug muid isteach i sibín iad le deoch a fháil dóibh. Cuireadh canna beorach amach os a gcomhair agus ní raibh siad in ann é a oscailt. Ní raibh canna acu riamh ina saol, *lads* idir 17 agus 20 bliain d'aois. Thuig mé bochtanas an tríú domhain an lá sin.

AN RÉABHLÓID ABÚ

BIA, LEIGHEAS agus éadach, sin iad an trí rud is tábhachtaí le muintir Chúba. Seo iad na rudaí bunúsacha a thugann an rialtas do na daoine, ach ní fhaigheann siad a ndóthain ná baol air.

Burger bun an duine sa ló, beagán ríse agus pónairí dubha. Dúirt cailín amháin liom go mbíonn ocras uirthi i gcónaí.

Tugann an rialtas éadach dóibh. Aithneoidh tú na daoine is boichte, mar is é an t-éadach céanna a bhíonn orthu ar fad: bróga bána, *shorts* buí agus t-léine bhándearg.


Níl mórán caoi ar na háiteacha cónaithe atá ag na daoine seo. Tá siad cosúil leis na *tenaments* i ndrámáí Sheán O'Casey ag tús an chéid i mBaile Átha Cliath.

Maireann suas le cúigear i seomra 14 troigh faoi 16. Sa spás seo tá na seomraí codalta, leithreas, agus cistin.

Labhair muid le cailín 18 mbliana d'aois i dteach amháin. "Cá bhfuil do leaba?" arsa mise is mé i mo shuí ag an mbord. "Tá tú i do shuí aige," ar sí.

Bíonn ar dhaoine a gcuid éadach leapan féin a thabhairt leo chuig an ospidéal, *bulb* don solas, agus bia i gcomhair na tréimhse a mbeidh siad istigh.

Tá bia, éadach, lóistín agus eile in aisce ag na daoine seo, ach níl an saol chomh maith is ba dhóigh leat, cé go ndéarfadh Fidel Castro a mhalairt.



Siopa áitiúil i Havana; Damhsóir Cúbach; Azul, Havana; Cúbaigh i mbun chluiche dúradáin; múrmhaisiú i gcuimhne ar an réabhlóid Ché

An é go bhfuil na daoine gruama mar sin? Beag an baol! Tá an-ghrá acu don cheol, agus ní fhaca mé d a m h s ó i r í chomh maith leo riamh.

Is cinnte go bhfuil oid-eachas ar na daoine freisin. Is fearr an t-eolas atá acu ar Éirinn ná atá againne orthusan. Tá dhá theanga ag go leor acu.

Tá an-ghrá acu don spóirt, agus an-chumas iontu chomh maith. Tháinig siad sa gcúigiú háit sna *Olympics* i 1992, agus bhuaigh siad 25 bonn in Atlanta '96. Deirtear gurb iad na dornálaithe is fearr ar domhan iad, leithéide Théofilio Stevenson a bhuaigh bonn óir sna *hOlympics* i 1972, '76 agus '80. Níl cead ag a gcuid laochra dornálaíochta troid go proifisiúnta, áfach, mar gheall ar pholasáí stáit.

Tá muintir Chúba an-oscailte faoi chúrsaí gnéis, agus déanann siad

¡VIVA CÚLABÚLA! cairde óga le TnaG ina dteach cónaithe i Havana

pic: Darach Ó Tuairisg

neart cainte ar an ábhar sin. Bhí muid sa gcarr lá le hathair agus mac. Chonaic an t-athair bean álainn uaidh. "Meastú an mbeadh sí go maith sa leaba?" a deir sé leis an mac. Ós ag caint ar chúrsaí gnéis é, níor mhór a rá go bhfuil an striapachas an-choitianta ann, cuma cá rachaidh tú.

Tréith láidir eile atá ag na daoine ná chomh groíúil is atá siad le chéile agus le stráinséirí. Thug muid píosa

seacláide do lad óg lá, agus thug sé dá dheartháir óg é gan fiú smaoineamh air.

Níl mórán de mhaoín an tsaoil ag muintir Chúba, ach tá go leor le foghlaim againne uathu. Tá siad in ann a bheith ag ceol, ag gáirí is ag damhsa, is cheapfá scaití ag breathnú orthu gurb iad na daoine is saibhre ar domhan iad. Sin rud nár thug an *Celtic Tiger* leis: nádúr an duine.



TURAS Cholumbus i 1492 is tús do nua-stair Chúba, an t-oileán is mó sa Muir Chairibeach. 110,000 cm cearnach atá ann, agus daonra 11 milliún.

Tá rian an uafáis uirthi mar stair. Rinneadh díothú ar Indiacha dúchais an oileáin. Tharla sin go forleathan i Meiricea Theas: i rith na ceithre scor blian i ndiaidh theacht Cholumbus, meastar go bhfuair idir 35 agus 45 milliún Indiach bás le galair agus cos ar bolg, an díothú cine ba mheasa i stair an domhain. Lean an t-uafás, agus cuireadh ciní gorma na hAfraice go dlí an domhan nua.

Is oidhreacht ilchineáil atá sna hoileáin Chairibeacha. Spáinnis a labhraítear i gCúba, Béarla i Jamaca, Fraincis i Haiti. Ciní na hAfraice ag labhairt theangacha na hEorpa láimh le mór-roinn Mheiriceá.

Nuair a cuireadh deireadh leis an sclábhaíocht sa naoú haois déag, ba le beagán rachmasóirí an talamh agus an mhaoín sna hoileáin Chairibeacha. I gcás Chúba, chuidigh infheistitheoirí Mheiriceá leis an tíorántacht nó gur dhíbír na sóisialaigh Fulgencio Batista i 1959. Chuir siad rialtas réabhlóideach sóisialach ar bun faoi cheannas Fidel Castro.

Blianta beaga ina dhiaidh sin chuir na Stáit smachtbhannaí crua i bhfeidhm ar Chúba. Is cuid dá bpolasáí frithchumannach atá sna smachtbhannaí.

Sular thit Aontas na Sóivéide ó chéile i 1991, choinníodh sé \$6 bhiliún sa mbliain le réimeas Chastro. Bhain an tacaíocht sin cuid den dochar as smachtbhannaí Mheiriceá. Ach ó 1991 i leith, tá na smachtbhannaí céanna ag traochadh na tíre.

B'éigean gníomh a dhéanamh, agus i 1993, cheadaigh rialtas Fidel Castro dollar Mheiriceá a úsáid. Tá dhá mhilliún Cúbach ar imirce sna stáit, agus is mór an faoiseamh dá muintir an déirc a chuireann siad abhaile.

Tá fás bliantúil 20% ar an turasóireacht ó 1990. 1.2 milliún turasóirí a chuaigh go Cúba i 1997. Tá súil le dhá mhilliún sa mbliain 2000. Trácht na dturasóirí agus déirc an deoraí, sin iad a choinníonn an t-anam sa tír.

Is é tionscal an tsiúcra an tionscal is mó sa tír, faoi mar ab ea aimsir na sclábhaithe. Ach níl an tionscal sin ar fónamh.

I mí Feabhra 1996, chuir arm Chúba dhá eitleán Mheiriceánacha as an spéir. Is sibhialaigh a bhí ar bord. Chuir marú na ndaoine sin cuthach ar an saol. Chuaigh Castro i mbun taighleoireachta láithreach le dea-mhéin a chothú as an nua. Faoi Shamhain 1996, bhí Castro i láthair an Phápa sa Róimh, agus i mí Eanáir 1998, thug Eoin Pól II cuairt ar Chúba.

D'fhógair an t-uachtarán Clinton le deireanas go ndéanfar marbhfháisc na smachtbhannaí a scaoileadh beagán. Beidh cead ag Cúba trealamh leighis a fháil ó na Stáit, mar shampla. Is beag an méid sin, áfach: chomh fada is a bheidh na smachtbhannaí ann, is cruatan atá i ndán don tír.



Guevarra



Codladh na hOíche

Dearbhla Ní Lúbaigh

1 CÉN FÁTH nach mbíonn **fonn** ort rud ar bith a dhéanamh tráthnóna Aoine? Cén fáth nach mbíonn **spreagadh** ionat? An é gur oibrigh tú róchrúa i rith na seachtaine? Nó an slaghdán atá ort? B'fhéidir é, go deimhin. Ach is dóichí gur **easpa codlata** atá ort agus tuirse.

2 De réir **taighde** ar nósanna codlata sna bailte móra, tá méadú mór le blianta anuas ar fhadhbanna codlata. Is é an slaghdán an rud is mó a fheiceann dochtúirí ar dhaoine, ach is iad na **fadhbanna codlata** an dara rud.

3 Sna Stáit Aontaithe, mar shampla, tá drochfhadhbanna codalta ag os cionn 40 milliún duine. Cosnaíonn an fhadhb seo ar a laghad \$100 billiún **in aghaidh na bliana**. Tarlaíonn **timpistí** dá bharr. Ní bhíonn an duine chomh **héifeachtach** ina chuid oibre. Bíonn daoine **as láthair**, agus mar sin de.

4 **Bunriachtanas** de chuid na hintinne is ea dóthain codalta. I dtús an **chéid** seo, naoi nó deich n-uaire an chloig a chaitheadh daoine ina gcodladh **ar an meán**. Sa lá atá inniu ann, is **iomaí duine** nach gcodlaíonn ach sé huair an chloig. Ní leor sin. Más mian le duine a bheith **i mbarr a mhaitheasa** ó cheann ceann na seachtaine, tá **gá** aige le **hoiread chéanna** codalta is a bhí ag duine céad bliain ó shin.

5 **Seachas** dream ar bith eile, is iad na **fir mheánaosta** is mó a mbíonn fadhbanna codalta acu. Seo cuid de na **comharthaí sóirt: srannadh, anáil mhírialta**, tuirse i rith an lae. An fear a mbíonn sin air, seans go bhfuil an iomarca meáchain air, **freagracht** mhór air san obair agus sa mbaile. Téann an fhadhb **in ainseal** uaireanta. Téann na fir ar an ól, **ligean siad uathu an t-airgead**, agus bíonn fadhbanna pósta ann.

SAOIRE

6 Is maith le gach duine **dul ar**

saoire, nó dul ag taisteal, ach is ceart a bheith cúramach faoin **jet-lag**. Cuireann an t-athrú ama idir dhá thír isteach ar **rithimí na colainne**. Bíonn

comhair na teilifíse sula dtéann tú a chodladh, ach sin nós atá ag go leor leor daoine.

Mar sin amach libh ag siúlóid faoi



"BHUEL, NÍ DHÉANANN SUÍ GO DÉANACH DOCHAR AR BITH DOMSA."

an lá ina oíche, agus bíonn **idir intinn agus cholaínn** idir dhá am.

7 De ghnáth, ní bhualann **jet-lag** an duine muna mbíonn níos mó ná cúig huair an chloig san **eitilt**. Deir na **saineolaithe** go dteastaíonn lá scíthe gach uair a théann duine thar **líne ama**.

8 Tá **treoir** ann a chabhrós le duine codladh na hoíche a dhéanamh, agus **tuisceint** a fháil ar chúrsaí codlata. Bíonn **aer úr** ag teastáil. Cuireann **easpa aer** isteach ar an duine. Is minic fadhb chodlata ag an té a chaitheann an lá taobh istigh. Bíonn **an-tionchar** ag solas na gréine ar rithimí na hintinne freisin. Teastaíonn solas an lae ón duine gach lá. Agus cuirfidh sé as don duine má bhíonn sé rófhada faoin solas leictreach.

Ní ceart fanacht rófhada os

sholas na gréine, agus a chodladh libh in am!

1 **fonn** (ar) - to feel like; **spreagadh** - bounce; **easpa codlata**; lack of sleep.

2 **taighde** - research; **nósanna codalta** - sleep habits; **fadhbanna codlata** - sleep problems.

3 **in aghaidh na bliana** - per year, each year; **timpist(i)** - accident(s); **éifeachtach** - efficient; **as láthair** - absent.

4 **bunriachtanas** - a basic requirement; **intinn** - brain; **tús an chéid** - the start of the century; **ar an meán** - on average; **is iomaí duine** - many people; **i mbarr a mhaitheasa** - in excellent form; **ó cheann ceann na seachtaine** - the whole week long; **gá** - need; **oiread chéanna** - the same amount.

Well hello . . .

Beirt ag tógáil claí. Tháinig Yank an bealach. 'You guys speak Gaelic?' 'We do.' 'What's the Irish for hello?' Rinne an bheirt machnamh. Arsa an chéad duine: 'Dia duit.' 'No, that's two words,' arsa a leathbhádóir. 'Heileó,' arsa an chéad duine, ag freagairt na ceiste arís. 'No, that's English,' arsa an fear eile. Tost. 'Bhuel,' arsa duine acu. 'Pardon?' arsa an Yank. Bhí an bheirt ar aon fhocal. 'Bhuel, that's the Irish for hello.'

Céard is ciall le: dífh cheil

- 1 a drinking partner
- 2 no sense
- 3 celibacy.

Buaiteoir na Míosa

**Céard is ciall le:
teaspach an dá scór?**

COMHGHAIRDEACHAS le Deasún Ó Cearrúlláin. Loughton, Essex, a bhuaigh comórtas na míosa seo caite. *Mid-life crisis* an freagra a bhí á lorg againn. Tá síntiús ag Deasún cheana; mar sin,

5 seachas - apart from; na fir mheánaosta - middle-aged men; comharthaí sóirt - symptoms; srannadh - snoring; anáil mhírialta - irregular breathing; freagracht - responsibility; dul in ainséal - to become severe, chronic; ligeann siad uathu an t-airgead - they squander money.

6 dul ar saoire - to go on holiday; rithimi na colainne - body-rhythms; idir intinn agus cholainn - both mind and body.

7 eitilt - flight; na saineolaithe - the experts; líne ama - a time-zone.

8 treoir - guide-lines; tuiscint - understanding; aer úr - fresh air; tionchar - influence; ag siúlóid - walking.

bronnfaidh muid síntiús ar chara leis.

Tá muid buíoch dár léitheoirí uile a chuir iarratais isteach ar an gcomórtas.


Ba é freagra Dheasúin an chéad cheann a piocadh aníos as hata.

SCIORRADH PINN

Gach mí, foilsíonn Cuisle sliocht próis le scríbhneoir cumasach. Más beag leabhar Gaeilge a léann tú, tá súil againn saothair mhaithe a chur ar do shúile duit. Más mór do dhúil i léamh na Gaeilge, ach gan fios agat cén taobh a gcafaidh tú, tá súil againn gur treoir duit a bheas i rogha Cuisle. Seo é an cúigiú sliocht.

LEABHAR NÓRA NÍ ANLUAIN le hAlan Titley
Cló Iar-Chonnachta 1998

AN BHEACH LEISCIÚIL



'BÍODH an diabhal aige seo mar sclábhaíocht,' arsa an bheach leis féin lá amháin tar éis dó seachtain fhada a chaitheamh ag bailiú is ag cnuasach sa ghort. 'Cén fáth a mbeadh ormsa mo thamall gairid a chur isteach ag briseadh mo thóna ar son banríona agus a cuid giollaí? Cad is fiú an bheatha seo go léir mura mbíonn an t-am againn luí siar agus taitneamh a bhaint as aoibhneas an

dúlra? Táimse ag éirí as. Slán.'

'Gheobhaidh tú bás den ocra,' arsa na beacha eile leis. 'Nach bhfuil sé ordaithe ó Dhia go gcaithfimid ár mbeatha a thuilleamh le hallas ár n-éadan. Dá ndéanfadh gach duine é sin conas mar a bheadh an saol? Níl tú ag cur leis an táirgiúlacht choiteann náisiúnta. Déanfar an dól a bhaint díot. Tá dlite dúinn coirceoga níos fearr agus níos mó a thógáil. Tá ceangailte orainn níos mó meala a sholáthar i mbliana. Caithfimid dul ar aghaidh go dtí nach mbeidh sa saol go léir ach aon chóir mheala ollmhór amháin.

Bí linn san obair thábhachtach seo. Bí forásach. Gluais le sruth na staire.'

Ach bhí fuar acu. Níor éist sé leo agus luigh sé siar á ghrianadh féin. Deirtear go bhfuair sé bás roimh dheireadh an tsamhraidh. Shíl cúpla duine den saithe gur chuala siad é ag rá gurbh fhearr bás le háilleacht ná bás le hallas sular chrom siad arís os cionn na mbláthanna. An dornán beag a tháinig slán go dtí an fómhar níor aontaigh siad leis. Ní fios cad a cheap na cinn eile.

sclábhaíocht - slavery
beach - bee
gort - páirc, garraí
gairid - gearr
a chur isteach - a chaitheamh
giollaí - searbhóntaí, workers
an bheatha - bia
aoibhneas an dúlra - the delights of nature
ordaithe - ordered
tuilleamh - saothrú, earn
éadan - aghaidh
an táirgiúlacht choiteann náisiúnta - gross national product (GNP)
dlite dúinn - de dhualgas

orainn, our duty
coirceoga - beehives
níos mó meala - more honey
soláthar - supply
cior mheala - honeycomb
ollmhór - gigantic
forásach - progressive
bhí fuar acu - níor éirigh leo
saithe - swarm
áilleacht - beauty
chrom siad - they applied themselves
dornán - handful
níor aontaigh siad leis - they didn't agree
Ní fios - no-one knows

Leagan Cainte

Ar thaitin sé leo?



Liam Mac Con Iomaire

AN NGLACFADH foireann *Leagan Cainte* le: "Cén chaoi a ndeachaigh sé sin síos leo?" (Conas/Goidé mar a chuaigh sé sin síos leo?). Dúirt Eibhlín más 'Conas a thógadar é?' atá i gceist, ansin gur "**Conas a thógadar é?**" ba cheart a rá. Ach i gcás go dtabharfadh sí deoch do dhuine agus go raibh a fhios aici gur thaitin an deoch leis, go ndéarfadh sí: "**Chuaigh san (sé sin) síos go maith leat**". "Ach sa ghnáthchiall", arsa Eibhlín, "déarfainn '**Conas a thógadar é?**' nó '**Thóg siad é sin go maith**'. Dúirt Seosamh Ó Cuaig gur "**Cén chaoi ar thaitin sé sin leo?**" a déarfadh sé, ach go raibh 'Cén chaoi ar thóg siad é sin?' coitianta freisin, cé go raibh amhras air go mb'fhéidir gur ón mBéarla a tháinig sé.

Céard 'tá tú a ól?

Tá mé ag ól uisce

An nglacfadh foireann *Leagan Cainte* le 'Céard atá tú ag ól?'; 'Cad tá(nn) tú ag déanamh?'; 'Goidé atá tú ag ithe?'

Bhí an fhoireann ar aon fhocal gur '**Céard 'tá tú a ól?**'; '**Cad tá(nn) tú a dhéanamh?**' agus '**Goidé tá tú a ithe?**' an rud ceart le rá agus gur 'a' seachas 'ag' a bhíonn i gceisteanna den chineál sin. (Gan amhras 'Cad tá á dhéanamh agat?' is coitianta i gCúige Mumhan). 'A' seachas 'ag' ba cheart a bheith freisin i gclásail mar seo a leanas: 'Sin é an carr atá mé a dhíol'; 'Sin é an praghas atá mé a iarraidh ar an gcarr'; nó 'Céard tá tú a thairiscint dom ar an gcarr?'. 'Ag' a scríobhtar nuair a bítear ag freagairt na gceisteanna thuas, mar shampla: 'Tá mé ag ól uisce'; 'Níl mé ag déanamh tada', nó 'Tá mé ag ithe ceapaire', cé nach gnách an 'g' a fhuaimniú nuair a bhíonn consan ina dhiaidh: 'Níl mé a' déanamh tada' a deirtear; fágtar an g ar lár.

Ag iompar amach?

An nglacfadh an fhoireann le: 'Bhí siad ag iompar

amach suirbhé?' Ní ghlacfadh. Cheap an fhoireann gur ó Thír Chonaill is mó a chloistí an cineál seo abairte: 'ag iompar amach a gcuid dualgaisí' etc.

'Ag comhlíonadh a gcuid dualgaisí' nó 'Ag déanamh suirbhé' an bealach lena rá.

Fuair sí tinn, fuair sí fuacht agus fuair sí geallta?

An nglacfadh an fhoireann leo seo: 'Fuair sí tinn'; 'Fuair sí fuacht'; 'Fuair sí geallta?' Maidir leis an gcéad cheann, 'D'éirigh sí tinn' a bheadh ag Dónall Ó Baoill, 'Buaileadh tinn í' nó 'Tháinig tinneas uirthi' a bheadh

ag Seosamh Ó Cuaig agus 'Tháinig tinneas uirthi' a bheadh ag Eibhlín. D'aontaigh an fhoireann, mar sin féin, go raibh difríocht idir 'D'éirigh sí tinn' agus 'Tháinig tinneas uirthi'. D'fhéadfadh sé gur iompú goile ba chúis lena héirí tinn ach gur rud éigin níos tromchúisí a bheadh i gceist le 'Tháinig tinneas uirthi'. Dúirt Dónall Ó Baoill gur leagan difriúil ar fad é 'Fuair sí fuacht' agus nach bhfaigheadh sé locht ar bith air. D'aontaigh an chuid eile leis.

Tá Síle geallta

Cé nár thaitin an leagan 'Fuair sí geallta' go mór le haon duine den fhoireann dúirt Seosamh Ó Cuaig gur

fearr é ná an leagan coitianta 'Fuair sí *engaged*' agus nár cheart a bheith róghéar air mar leagan, b'fhéidir. Mhol Eibhlín an 'fuair' a fhágáil amach ar fad agus gan aon rud a rá faoin bpósadh agus rud éigin mar seo a rá: 'Iarratas anseo do Shíle atá geallta ón Aoine seo caite'.



Táin-seamh



Cé raibh tú ó mhaidin, a phlúr na bhfear óg?"

*"Ag iascach 's ag foghlaeracht, cóirigh mo leaba dhom,
Tá mé tinn fann, a chroí, agus caithfidh mé luí."*

Céard a d'ith tú ar do bhricfeasta, a phlúr na bhfear óg?"

*"Eascann a raibh lúb uirthi, nimh fuinte bruite uirthi,
Tá mé tinn fann, a chroí, agus caithfidh mé luí."*

Céard a fhágfas tú ag do dheartháir, a phlúr na bhfear óg?"

*"Muise, cúig mhíle punt aige, gunna agus cú aige,
Tá mé tinn fann, a chroí, agus caithfidh mé luí."*

Céard a fhágfas tú ag do dheirfiúr, a phlúr na bhfeart óg?"

*"Caoirigh beaga bána aici, na beithigh le bleán aici,
Tá mé tinn fann, a chroí, agus caithfidh mé luí."*

Céard a fhágfas tú ag t'athair, a phlúr na bhfear óg?"

"Eochair mo stábla aige, sin agus mo láir aige,
Tá mé tinn fann, a chroí, agus caithfidh mé lui."

Céard a fhágfas tú ag do mháithrín, a phlúr na bhfear óg?"

*"Má fhágaim saol go brách aici, fágfad croí cráite aici,
Tá mé tinn fann, a chroí, agus caithfidh mé lú."*

Céard a fhágfas tú ag do chuid páistí, a phlúr na bhfear óg?"

*"Muise fuacht fada 'gus seachrán, oíche ar gach bothán,
Tá mé tinn fann, a chroí, agus caithfidh mé luí."*

*"Céard a fhágfas tú ag do bhean phósta, a dheartháirín
 6?"*

Céard a fhágfas tú ag do bhean phósta, a phlúr na bhfear óg?"

"Ifreann mar dhúiche aici, na Flaithis a bheith dúinte uirthi."

Tá mé tinn fann, a chroí agus bead go deo deo.²⁰

[illegible]


CUISE 25

Forbairt na Gaeltachta...

.....

*Forbairt chultúrtha, shóisialta agus
thionsclaíochta na Gaeltachta -
sin é cúram Údarás na Gaeltachta*

*Tá páirt duitse san obair
thábhachtach seo!*



Údarás na Gaeltachta

Na Forbacha, Gaillimh. Telef: (091) 503100 Facs: (091) 503101
ríomhphost: eolas@udaras.ie <http://www.udaras.ie>

Ar Muin na Muice?



Desmond
JOHNSON

ROIMH NOLLAIG, cheann-aigh na scórtha tuismitheoirí gluaisteáin beaga Range Rover mar bhréagáin don aos óg ar \$18,500 an ceann. Tá lucht an airgid ag éirí níos saibhre fós. Ag deireadh na seachtóidí, ní raibh ach tuairim is leathdhosaen billiúnaithe anseo sna Stáit. Roimh dheireadh na n-ochtóidí, aimsir Reagan, bhí os cionn leathchéad díobh ann. Agus i gceann de na hirisí gnó, daoine nach bhfuil acu ach luach milliún dollar, ní áirítear a thuilleadh i measc na milliúnaithe iad: tá a leithéidí rófhluirseach. Milliún a thuilleadh in aghaidh na bliana, sin é an sprioc feasta.

Tá tuilleadh forbartha ag teacht ar an tír. I dtús '99, bhí an Dow ar an mullach ab airde fós, faid is a d'fhan an boillsciú is na rátaí úis sna gleannra, is an difhostaíocht mar bhroc ag tochailt faoi réidh.

Fear as Tír Chonaill a chuir ceist orm

huairé an daonra ann ná daonra na hÉireann, agus í céad uaire níos fairsinge? Tuairim is 270 milliún an daonra atá sa tír anois, beagnach 50 milliún sa mbreis ar 1980.

Tá méadú fós ag teacht ar dhaonra na tíre de bharr na himirce, is cuireann sin le saibhreas an chórais ina iomláine. Ach le blianta beaga anuas, tá i bhfad níos mó daoine bochta ag teacht isteach ná mar a bhíodh. Tá siadsan san iomaíocht leis an dream is boichte a bhí sa tír rompu.

Dá bharr seo agus eile, tá an bochtanas is an difhostaíocht le feiceáil go forleathan i Meiriceá i láthair na huairé. I measc na nAfra-Mheiriceánach, tá meánráta na difhostaíochta dhá oiread níos airde ná mar atá sa tír go ginearálta. Sa Bhronx Theas, mar a bhfuil daonra 450,000, tá an scéal chomh dona is a bhí i nDoire i measc na bhfear an uair ba ghéire an difhostaíocht ansiúd.

Ach céard faoin meánaicme? Nach

dhá scór milliún as a gcuid postanna. Arís ar ais, fuair formhór na

ndaoiné san postanna eile, cuid díobh nuachruthaithe, ach iad ar pháigh íseal.

Tharla freisin gur éirigh na milliúin as an obair roimh ré an phinsin, ach is ísle an caighdeán maireachtála a bhí i ndán dóibh ná mar a bhí siad ag tnúth leis.

Tá daoine eile fós ann agus iad i mbun dhá phost. Aon mhilliún déag a líon siúd go hoifigiúil, ach níl siad ar fad san áireamh ná baol air. Is seanfhocal é anois gur fearr an saol a bhí ag teaghlach sna seascaidí agus iad ag brath ar thuarastal amháin, ná atá ag teaghlach an lae inniu agus an dara thuarastal acu.

Rud eile a bhfuil tionchar aige ar chúrsaí fostaíochta is ea an córas atá i bhfeidhm sna Stáit anois, córas atá i bhfad níos oscailte ná mar a bhíodh. De bharr NAFTA (North American Free Trade Agreement), tá a lán monarchana aistrithe go Meicsiceó. Bíodh sin mar atá, tá na céadta míle Meicsiceánaigh ag iarraidh teacht anseo chuig jabanna ar pháigh íseal.

Aus tá *outsourcing* i gceist freisin: earraí nó seirbhísí dá gceannach lasmuigh den tír, páirteanna dá soláthar ag an tSeapáin do ghluaisteáin 'déanta anseo', mar shampla. Mar sin, ní dócha gurb í an bhrí chéanna atá le 'ráta difhostaíochta' a thuilleadh, ó tharla go bhfuil oibrithe eachtrannacha i gceist ar shlíe nach mbíodh cheana.

Gan amhras, is tír shaihbhir í seo, ach tá *angst* go forleathan fós agus fios ag daoine go bhféadfadh a gcuid postanna imeacht le cúir na habhann. Agus leis an bhfás atá ar an daonra, agus na tuille airgid ag sceitheadh i Wall St – toisc na rátaí úis bheith chomh híseal sna bainc – bhí go leor caiteachais agus infheistíochta ann le tamall anuas le cúrsaí gnó a spreagadh agus le lucht an airgid a shásamh. Sin mar a bhí, ach anseo sna Stáit níor braitheadh fós tionchar iomlán na géarchéime a bhuail cúrsaí gnó sa Domhan Thoir.

Braithfidimid gan mhoill é. Ansan, d'ainneoin na bhfocla nua, *downsizing*, *outsourcing*, is *New World Order*, feicfear an ráta difhostaíochta ag éirí arís eile.

Má cheartaítear an meánráta páighe de réir an bhoilscithe, is léir gur ag titim atá sé le blianta fada. De réir na meastúchán, an rachmas ar fad a carnadh ó 1980 i leith, tá 80% de faighte ag 1% den daonra.

faoi na cúrsaí sin ar an *subway* lá. "Nach paidir ag lucht an rachmais go dteastaíonn méid áirithe difhostaíochta má tá brabach le bheith ann?" B'fhéidir é, is b'fhéidir go bhfuil focla nua á gcur leis an phaidir chéanna.

De réir an seanmhantra san, nuair a thiteann an ráta difhostaíochta ró-íseal, ardaítear na tuarastail is tagann borradh faoin mboillsciú. Ansan, cuirtear srian ar an gcóras tré rátaí úis a ardú, cailltear jabanna is laghdaíonn an teas faoin gciteal. A leithéid de thimthriall, boillsciú is fuarú, tugtar *boom and bust* air, nó *stagflation*.

Ó tháinig Clinton i réim, áfach, níor tharla an fuarú seo go fóill. Cén fáth? Agus ceist eile: an dtarlóidh sé arís?

Más é 4.4% ráta na difhostaíochta anois, níl ann ach figiúr meánach. Déarfadh leithéidí iar-oibrithe Fruit of the Loom nach leor na staitisticí le léargas a thabhairt ar chás na ndaoine. Agus más amhlaidh do na staitisticí i dtír bheag na hÉireann, céard faoi Mheiriceá, tír ar líonmhaire seasca

bhfuil a bhformhór siúd ar muin na muice? Is céard faoi na ceardchumann? Briseadh go leor ceardchumann faoi pholasaithe Reagan, mar bhí siad frith-rachmasach, míMheiriceánach, dar leis. Briseadh cuid eile díobh toisc na ceannairí a bheith ag comhoibriú leis an Mafia. Faoin am seo, níl ach 14% de na hoibrithe sna ceardchumann, leath an oiread a bhí iontu sna seascaidí. Tá a lán d'oibrithe na tíre sásta go maith, ar ndóigh. Tá a lán díobh áfach nach bhfuil eagar orthu, agus imní orthu leis na blianta dá bharr.

Deineadh atheagrú mór ar chúrsaí gnó le tamall anuas. Má cheartaítear an meánráta páighe de réir an bhoilscithe, is léir gur ag titim atá sé le blianta fada. De réir na meastúchán, an rachmas ar fad a carnadh ó 1980 i leith, tá 80% de faighte ag 1% den daonra. Le liun an ama sin, ar an taobh eile den scéal, cailleadh 50 milliún postanna.

Is amhlaidh a cuireadh cuid díobh san ar ceal nuair a d'éirigh daoine astu, ach bíodh sin mar atá, briseadh breis is

MAIDIR LE DO LITIR ...

Eagrán Nua



Mar threoir do státseirbhísigh a bheadh ag plé le comhfhreagras i nGaeilge a ceapadh an leabhrán seo a chéadair, ach is iontach an áis é fosta don ghnáth-Ghaeilgeoir, bíodh sé ag scríobh chuig aire stáit nó roinn rialtais, chuig Uachtarán na hÉireann, ardeaspag nó oifigeach airm, nó ag cur fógraí pearsanta ar nuachtán, ag seoladh cuirí pósta, nó i mbun aon chineál eile comhfhreagrais fhoirmiúil. Agus is maith ann iad na hAguisíní don té a bheadh ag cuardach Gaeilge ar logainm iasachta, eagraíocht idirnáisiúnta, údarás áitiúil, nó eile.

Séamas Daltún a réitigh an chéad eagrán den leabhrán seo sa bhliain 1970.

*Tá ár gcuid catalóg le fáil saor in aisce.
Cuir fios orthu.*

AN GÚM

AN GÚM is an t-ainm a bhí ar an leabhar seo. Tá sí le fáil sa bhliain 1970. Tá sí le fáil sa bhliain 1970. Tá sí le fáil sa bhliain 1970.

£3.95 - Bog
ISBN 1-85791-111-3

BUS ÉIREANN

LE HAGHAIDH DO CHUID
RIACHTANAISÍ TAISTEAL UILIG:

- Seirbhís bus cathrach áitiúil agus ar fud na tíre
- Supabus go Sasana agus go dtí an Mhór Roinn
- Seirbhís iompair bheartanna
- Sos "Breakaway"
- Seirbhís bus scoile
- Seirbhís bus hireálta
- Seirbhís deireadh seachtaine do mhic léinn.

Le haghaidh tuilleadh eolais glaoigh isteach ag:

Bus Éireann-Ionad Taisteal, Gaillimh

091 562000 nó 091 563555

Facs 091 565077/566230

COLÁISTE LAICHTÍN NAOFa

INIS OÍRR, OILEÁIN ARANN,
CO. NA GAILLIMHE

Buachaillí agus Cailíní 12-18

Cúrsa 1: 7/6/99 - 28/6/99

Cúrsa 2: 30/6/99 - 21/7/99

Cúrsa 3: 23/7/99 - 13/8/99

Táille £297

Includes boat fare from
Galway to Aran Islands.

Eolas ó:

Seamus Ó Lideadha,
Lios Liath, Cora Chaitlín, Co. an Chláir.



Príomhfheidhmeannach AIB, Tom Mulcahy, Bertie Ahern agus Meta Uí Mháille as Pléaráca Chonamara ag na AIB/Nationwide Better Ireland Awards i gCorcaigh le déanaí

Mionbhus do Phléaráca Chonamara

MEASTAR go gceannóidh Pléaráca Chonamara mionbhus leis an duais £50,000 a fuair an eagraíocht sna AIB/Nationwide Better Ireland Awards i gCorcaigh an mhí seo caite. Tháinig Pléaráca sa chéad áit ar fad sa chomórtas, aitheantas don obair mhór atá déanta ag an eagraíocht le blianta beaga anuas le scéimeanna ealaíne agus eile a reachtáil i gConamara.

Dúirt Meta Uí Mháille ón eagraíocht go raibh rún acu mionbhus a cheannach le seirbhís taistil do sheandaoine a chur ar fáil sa cheantar. Faoi láthair is ar éigean go bhfuil aon tseirbhís phoiblí ar fáil ann: ní thagann Bus Éireann go Ros Muc ach faoi dhó sa tseachtain, cuir i gcás, agus ní théann aon bhus go Camas.

Bíonn ionad lae do sheandaoine ag Pléaráca i Ros Muc ar an Déardain, agus cuireann an tiománaí Pat Consadine dua nach beag air féin ag dul thart sa charr ag bailiú daoine lena aghaidh. Dá mbeadh mionbhus acu, d'fhéadfaí níos mó daoine a bhailiú isteach agus bheadh níos mó ama acu le caitheamh san ionad, mar a gcuirtear béile agus comhlúadar ar fáil dóibh.

Níl sé i gceist acu dul in iomaíocht le Bus Éireann go fóill, áfach: deir Meta nach mbeidh turasanna siopadóir-eachta go Gaillimh ar chlár an mhionbhus. Tá súil acu an tseirbhís do sheandaoine a leathnú amach leis an mionbhus, áfach, agus úsáid a bhaint as ag ócáidí eile.

Aistí na hathbheochana

BEAGNACH 500 leathanach atá sa leabhar *Athbheochan na Gaeilge, Cnuasach Aistí* le Donncha Ó Súilleabháin, atá foilsithe ag Conradh na Gaeilge (clúdach bog, £10).

Tugann aistí éagsúla ann bunéolas faoi fhorbairt an Chonartha ó bhunú na heagraíochta in 1893 go 1910, nuair a baineadh bua amach san fheachtas ar son na Gaeilge mar ábhar riachtanach don Mháithreánach.



Tá leagan Bascaise den phacáiste bogearraí Windows 98 ar an margadh le tamall anuas. Ba mhaith linn a thuilleadh a rá faoi ach, faraor, ba i mBascais amháin a bhí an t-eolas a cuireadh chugainn.

Ach spreagann sé an cheist: cá bhfuil an leagan Gaeilge den bhogearraí céanna?

Náisiún na mbailte fearainn

SA BHLIAIN 1837 d'fhoilsigh Samuel Lewis *A Topographical Dictionary of Ireland*. Cuntas ar bhailte, sráidbhailte, contaetha agus paróistí na hÉireann a bhí ann, agus tá sé as cló le fada. Tá na hiontrálacha ar fad a bhaineann le cathair agus le contae Chorcaí bailithe le chéile sa leabhar *Lewis' Cork: A Topographical Dictionary of the Parishes, Towns and Villages of Cork City and County*. Is é The Collins Press a d'fhoilsigh, agus réamhrá le Tim Cadogan ag dul leis.

102.2 FM

Raidió na Life

**Le cloisint i mBalle Átha Cillath
ó lúir Chlunn Trá go Átha Luain
go Cill Mhantáin
seacht lá na seachtaine
Éist le . . .**

**'Rogha Ceoil' le Fachtna Ó Drisceoil
– 8 I.n. Dé Sathairn
'Ábhar Chainte' le Ian O'Keeffe
– 3 I.n. Dé Domhnaigh
'Bella Clao' le Tony Kirby
– 7 I.n. Dé Máirt**



B'FHADA ó bhí Rua ag an bhfiacloir. Ach níor tháinig an fhiacail nua.

"Nár dhúirt sé go gcuirfeadh sé chugam í?"

Bhí Máirín ag cur uisce ar na plúiríní sneachta.

"Céard?" arsa sí.

"An fhiacail nua, meas tú cá bhfuil sí?"

Bhí Nua, an caitín beag, ar bharr an couch ag iarraidh breith ar nead damhain alla.

"Chuir siad chuig an zú í b'fhéidir," arsa sé.

Shocraigh Rua a chuid spéaclóirí.

"Caithfidh muid glaoch ar an bhfiacloir," arsa Máirín.

Chuaigh Máirín, Rua agus Nua amach sa halla le glaoch a chur.

"Is ea?" arsa an fiacloir.

Mhínigh Máirín an scéal.

"Fiacail Rua? Chuir muid fiacail Rua chuig an zú."

Leag Máirín uaithi an fón.

"Chuir siad an fhiacail chuig a zú.

"Chuig an zú, chuig an zú," arsa Nua agus é ag pocléimneach thart.

"Dúirt mé libh é. Huh!"

Lig Rua osna.

B'éigean a dhul chuig an zú. Chuir Rua a hata breá air

Cuairt Rua ar an Zú



féin, agus chuir Máirín a cóta fada gorm uirthi. Bhí Nua ar nós cuma liom. Shuigh Rua agus Nua taobh le chéile ar an mbus, agus Máirín sa suíochán ba ghaire dóibh léi féin. Amach leo ag an zú. Bhí cuid de na daoine ag breathnú ar Rua.

"Síleann na daoine gur éalaigh mise ón zú," arsa Rua

le Máirín os íseal.

"Ná bac leo," ar sí.

Ar aghaidh leis an triúr chomh fada leis an oifig. Bhí firín beag ramhar san oifig, caipín speice air, léine agus tie. Bhreathnaigh sé ar Rua.

"Ar tháinig fiacail chuig an zú le haghaidh leoin nach bhfuil anseo ar chor ar bith?" arsa Máirín go stuama leis an



Chaith Nua léim suas ar ghuaille Mháirín.

"Tá drochbholadh san áit seo," ar sé.

Bhí faitíos ar Rua go raibh daoine ag breathnú air.

Nuair a tháinig an firín beag ar ais, bhí beartán aige agus *Rua, An Sú, Baile Mór* scríofa air. D'oscail siad an beartán.

"Tá an fhiacail againn!" arsa Máirín.

"Dúirt mé libh, dúirt mé libh," arsa Nua, 's é ag pocléimneach thart.

Chuir Máirín an beartán síos ina póca, agus chuaigh an triúr abhaile chuig an gclúid.

"Tá mé tugtha," arsa Rua, agus shuigh sé cois tine.

"Déanfaidh mise bainne te," arsa Máirín, "agus cuirfidh tú ort an fhiacail nua ansin.

"Tá go maith," arsa Rua.

(Ar lean an mhí seo chugainn)

bhfirín ramhar.

"Fiacail fiacail, tá neart fiacla ag na leoin anseo."

Mhínigh Máirín an scéal arís.

"Ar tháinig fiacail anseo le haghaidh leoin nach bhfuil ina chónaí anseo?"

"Tuigim, tuigim," arsa an firín ramhar, "fan nóiméad. Beidh mé ar ais."



Nach gleorte an chrois a rinne **Aedín Nic Ghiolla Chlaoin** dúinn! Agus tá blátha an earraigh ag fás ina timpeall. Míle buíochas, a Aedín, is tá bronnantas ag dul duit.

Cogar, a pháistí! An mbeidh sibh ar an mórshiúl Lá 'le Pádraig? Cén éide a bheas oraibh? Clóca fada, briste stróicthe, cleití buí?

Déanaigi pictiúr den chulaith ba mhaith libh a chaitheamh agus sibh ag siúl Bhaile Átha Cliath Lá 'le Pádraig.



RUA sa TEACH SOLAIS

CÉAD FÁILTE, a pháistí. Bhí mise sa Teach Solais le deireanas ag caint le Sinéad. B'éigean dom dul isteach ann ar bhád. Tá an Teach Solais an-ard, agus bíonn an fharraige an-gharbh ann uaireanta. Bhí go leor le rá ag Sinéad faoin saol atá aici féin agus ag Hiúdaí sa Teach Solais.

RUA: An gcodlaíonn tú sa Teach Solais, a Shinéid?

Sinéad: Cinnte. Agus tá mo sheomra breá néata. Ní bhíonn faic caite timpeall ann, agus bíonn na héadaí sa chófra. Ach ní í mbarr an teach solais atá na seomraí codalta. Thíos staighre atá siad. Tá fuinneogín beag rounáilte i mo sheomra-sa.

R: An gcloiseann tú an ghaoth agus an fharraige nuair a bhíonn stoirm ann?

S: Cloiseann. Tá sé fíochmhar faoi láthair. Ach tá muid slán sábháilte. Bíonn eagla ar Hiúdaí roimh an stoirm, ach ní ligeann sé air – tá sé róbhroódúil.

R: An mbíonn Hiúdaí ag srannadh?

S: Bíonn, bíonn sé ag srannadh. Sa seomra béal dorais atá sé, ach cloisimse é. Bíonn sé ag srannadh má bhíonn cáis ite aige, nó má bhíonn *milkshake* ólta aige.

R: An maith le Hiúdaí bainne te?

S: Ní maith. Ní maith leis bainne te ná fuar ach *milkshakes*. *Milkshakes* te is ansa leis. Téimse sa *microwave* dó iad uaireanta.

R: Cén aois é Hiúdaí?

S: Tá Hiúdaí 13. Bhí sé 8 anuraidh. Beidh sé 13 anois go ceann cúpla bliain. B'fhéidir go mbeadh sé 11 ansin. Ní féidir a rá cén aois a bhíonn ag na Hiúdaí. Ach ní bhíonn siad ag inseacht bréaga an t-am ar fad.

R: An bhfuil fiacla bréige ag Hiúdaí?

S: Níl, níl fiacla bréige ag Hiúdaí. Níl



aige ach fiacail amháin. Is maith leis bia bog. Ní féidir leis go leor rudaí a chogaint. Bíonn ormsa a chuid bia a ghearradh ina phíosáí dó. Dáiríre, tá mé tuirseach. Bíonn ormsa gach rud a dhéanamh mar gheall gurb é Hiúdaí an Rí ar TnaG.

R: An mbíonn oraibh a dhul isteach 's amach ón Teach Solais i mbád?

S: Ó bíonn. Is curach atá ann, agus tá inneal uirthi. Ach nuair a bhíonn an aimsir an-gharbh, úsáideann muid an heileacaptar. Uaireanta bíonn muid sáinnithe sa Teach Solais. Ach ní raibh muid sáinnithe ann faoi Nollaig, agus ní raibh muid fuar.

R: An raibh Hiúdaí riamh san Afraic leis na leoin?

S: Bhí sé ag brionglóidí ar na leoin sa Afraic. Ach is deacair a rá cá raibh Hiúdaí sular tháinig sé go hÉirinn. Ní fios cá raibh sé . . .

Comórtas Cispheile Cúlábúla/NBA á n-achtnáil ag TnaG i mbeannhar le Cúlaile

An raibh a fhios agat:

- Is í an chispheil an dara cluiche is mó a bhfuil tóir ag déagóirí na tíre uirthi. Sacar an cluiche is mó.
- Glacann os cionn 1,200 club páirt go rialta i gcomórtais áitiúla ar fud na tíre.
- Is é an Sprite National Cup príomhócáid cispheile na tíre seo.
- Imríonn os cionn 150,000 duine cispheil ag leibhéil éagsúla in Éirinn.
- Úsáidtear téama na cispheile i mbreis is 16 fógra teilifíse faoi láthair – do chomhlachtaí móra ar nós Nike, Adidas, Mars, BT, Kelloggs, Fila, agus Nescafé Coffee.

I gComórtas Cispheile Cúlábúla/NBA, tá duais iontach le buachaint! Roghnófar deichniúr buaiteoirí, agus gheobhaidh gach duine acu:

Léine NBA

Cluiche Nintendo NBA Jam '99

Caipín NBA

Físeán NBA

Liathróid cispheile

Féiliré NBA

Conas is féidir cur isteach ar an chomórtas seo?

Gach seachtain i rith mhí Feabhra, taispeánfar giota ó chluiche cispheile NBA ar Cúlábúla ar TnaG. Beidh ceist le freagairt faoi gach giota. Bí ag féachaint ar Cúlábúla gach lá idir 5 pm agus 6 pm chun na giotaí a fheiceáil. Tá na ceisteanna ar fad ar an bhfoirm iarratais thíos. Freagair na ceisteanna ar fad, agus seol an fhoirm isteach chuig:

Cúlábúla

An Teach Solais

TnaG

Baile na hAbhann

Co na Gaillimhe.

Comórtas Cispheile Cúlábúla NBA Sa ghiota a taispeánfar ar Cúlábúla –

Seachtain 1.

Cén dá fhoireann atá ag imirt – Chicago Bulls agus . . . ?

Seachtain 2

Cé a fuair scór sa chlip seo?

Seachtain 3

Cén uimhir atá ar an bhfear a thit síos?

Seachtain 4

Cén uimhir agus mana atá ar gheansaí Hill?

Litreacha chuig an Eagarthóir

Beidh fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge, i mBéarla, nó i dteangeacha eile
Seol do litir chuig: An Eagarthóir, Cúisle, Casta, Co. na Gaillimhe.
Riomphost: cuisle@tinet.ie



An Daonáireamh

Francis O'Boyle,
Little Stretton,
Shropshire.

Eagarthóir, a chara,
Regarding your article on
page 13 of the latest
edition of *Cúisle* (Eanáir
1999) titled *An bhfuil an
ghloine leathlán nó
leathfholamh?* Now, maybe
it is my (as yet) small
knowledge of Irish that has
led me to miss something
out when I read it, but
there seems to be no
mention of the six counties
of the North included in
the survey.


Does this part of Ireland
not count? Are there no
speakers of Irish there? As
it is in this part of the
country that I have my
roots, I have to say that I
feel excluded. I feel that
study of the Irish language
in Ireland that doesn't
include the North of
Ireland isn't an accurate
one and therefore of little
use.

Up to now I have found
Cúisle to be very helpful
and interesting but I am
very disappointed that you
should use an article that
excludes such a large and
culturally relevant part of
Ireland.

Is mise etc.

*Francis, a chara – go raibh
maith agat as do litir. Bhí an
t-alt a d'fhoilsigh muid
bunaithe ar an daonáireamh
(census) a rinneadh sa
Phoblacht i 1996. Faraor, níl
figiúirí comparáideacha ar
fáil maidir le lucht labhartha
na Gaeilge i dTuaisceart
Éireann. Nuair a bheidh siad
ar fáil beidh áthas orainn
anailís a dhéanamh orthu.*

Eag. Cúisle.



Saol Sciotsóideach Ghaeilgeoirí na Galltacht

Séamas de Barra,
83, Mulláin Beaufort,
Ráth Fearnáin,
Baile Átha Cliath, 14.

A Eagarthóir, a chara,
Go n-éirí le *Cúisle*! Is í an
iris Ghaeilge is
slachtmhaire dá raibh ann
go dtí seo í, gan aon agó;
an iris is slachtmhaire agus
is mó fuaimint ó thaobh
scéal na Gaeilge féin. A
fhianaise sin ar an anailís
ag Donncha Ó hÉallaithe
ar thorthaí an daonáirimh,
agus an méid a bhí le rá ag
údar an ailt *Eadrainn*
(*Cúisle*, Eanáir 1999, lch
37). Is léir ar *An Chluíd*
gur mar ghnáth-theanga
bheo a theastaíonn uaibhse
an Ghaeilge a bheith.
Ach an chuid is mó de na
Gaeilgeoirí, sa Ghalltacht
ach go háirithe, níl sa
Ghaeilge acu ach *lingua*
franca cultúir, cultúr a
rachaidh sa chré leo féin.
Saol thar a bheith
sciotsóideach is ea saol an
Ghaeilgeora sa Ghalltacht.

Tá eagraíocht anseo i
mBaile Átha Cliath,
Comhluadar, eagraíocht ag
lánúineacha atá ag iarraidh
a gclann a thógáil le
Gaeilge, más fíor.
Deineadh suirbhé ar bhaill
na heagraíochta le déanaí,
agus fuarthas amach nach
bhfuil ach 20% de na baill
ag iarraidh príomhaidhm
sin na heagraíochta a
bhaint amach!

Is maith linn go léir, de
réir dealraimh, ainm na
Gaeilge agus an
Ghaelachais a bheith
orainn. Ach bíonn leisce
orainn an teanga féin a
fhoghlaim. Bíonn leisce
orainn a oiread Gaeilge a
labhairt leis an nglúin óg
chun go mbeadh sí go
nádúrtha acu.

Is minic a dheineas-sa
iontas de agus mé i
m'fhear óg go bhfuil sé
níos nádúrtha ag
'Gaeilgeoirí dúchais' na
príomhchathrach Béarla a
labhairt ná Gaeilge, ach in
dhá réimse den saol,
réimse an chreidimh agus
réimse an chaithimh
aimsire.

An fíor gur mó a
thagann galar aigne ar
mhionlaigh ná ar an
bpobal mór? Ní foláir nó

go mbeireann an-straein ar
an gcuid is goilliúnaí de
Ghaeilgeoirí óga na
Galltacht nuair a
bhaineann siad aois na
cúirtéireachta amach; agus
ansin nuair a léimeann
siad an nead den chéad
uair; agus go háirithe agus
iad in aois a bpósta.

Tar éis an tsaoil, is sa
réim sin aoise, idir 16
bliana agus 35 bliana
d'aois, is géire a thuigeann
Gaeilgeoirí óga na
Galltacht cé chomh
fíorchorr is atá siad féin
dáiríre. Is iomaí sin gealt
bhocht Ghaelach ar
m'aithne-se.


Níl de rogha dáiríre ag
daoine ach lígean don
Ghaeilge bás a fháil mar
ghnáth-theanga bheo; agus
creid é nó ná creid, bíonn
leisce ar dhaoine é sin a
dhéanamh chomh maith!
Ach beir leat gur céim sa
treo ceart is ea an anailís
ag Donncha Ó hÉallaithe
agus abhcóideacht údar
Eadrainn. Leanaigí go léir
ar bhuir láimh!

Cúisle sa phost

Mícheál Ó Duibheannaigh
Carraig na Siúire
Co. Thiobrad Árann.

A chara,
Is breá liom *Cúisle*. Tá
gearán beag agam, áfach.
Ní bhfuair mé cóip na
mósa seo tríd an bpost
uaibh go dtí inné, 12
Eanáir. Feicim go bhfuil an
15 Eanáir mar sprioclá do
chomórtas na véarsaí
nuachumtha tríd an bpost.
Ní thugann seo cothrom
na Féinne dóibh siúd a
fhaigheann an iris tríd an
bpost. Ach sin scéal thairis:
molaim sibh.

Mise etc.



AN CLAÍOMH SOLAIS

*Scéal Fantaíochta faoin
Teilifís Nua le*

LIAM MAC CÓIL



SEACHT LÁ NA DÍLEANN

*Cnuasach Gearrscéalta
le*

DAITHÍ Ó MUIRÍ

Orduithe: LEABHAR BREAC 091-553227

LEABHAR BREAC

Saoire sa Ghaeltacht?

Déagóirí

Maigh Eo, Corcaigh, Dún na nGall,
Meitheamh, Iúil, Lúnasa.

Daoine Fásta

Gaoth Dóhair, Co. Dhún na nGall
Iúil agus Lúnasa

Gach eolas ó:

Gael-Linn

26 Cearnóg Mhuirfean,
Baile Átha Cliath 2.

Teil: (01) 6767283

Faics: (01) 6767030

 gael-linn

COLÁISTE CHIARÁIN GAELTACHT CHONAMARA

Meitheamh - Iúil - Lúnasa

Mic Linn d'aois 10 go 18 mbliana

CÚRSAÍ SPEISIALTA:

Mic léinn réamh-Ardeistiméireachta.

Cúrsaí réamh-Theastas Sóisearaigh.

Cúrsa réamh-Dara Leibhéil (Páistí Bunscoile).

SPÓRT

Traenáil speisialta trí mheán na Gaeilge: Peil,
Cispheil Leadóg agus snámh.

*Eolas: Coláiste Chiaráin,
An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe.*

Fón: 091-595186 (i ndiaidh 3 p.m.);
091-595167, 091-595146 (am ar bith).

Scéim na REPS

Seo iad na cuspóirí atá ag Scéim na REPS:

Béim a chur ar an táirgíocht srianta agus ar mhodhanna feirmeoireachta atá ar aon mheon le caomhnú agus le cosaint na tuaithe, dhá ní atá ag dul i dtreis, agus le cúrsaí na timpeallachta trí chéile.

Dúiche na n-ainmhithe agus na lusanna fiáine a chosaint, go mór mór ainmhithe agus lusanna atá i mbaol.

Scoth an bhia a tháirgeadh go forleathan ar bhealach nach scriosann an timpeallacht.

Is féidir Leabhrán Míoneolais faoin Scéim a fháil ó gach Farm Development Services (FDS) Offices.

Is féidir le feirmeoirí fios a chur ar cháipéis na Scéime, foirm iarratais istigh léi, maraon le liosta na n-áisíní teachtaí pleanála faofa, ó Farm Development Service Offices.




**ROINN NA TALMHAÍOCHTA
AGUS AN BHÍDH**

Continuing our series on Connemara placenames, Tim Robinson visits Turlach Beag

Camchuart Chonamara

Leagan Gaeilge le MAOLRA MAC DONNCHA



TIM ROBINSON

S AR AN mBÓTHAR a théann síos trí leithinis Ros Muc atá baile beag An Turlaigh Bhig, baile a luaigh mé in alt na míosa seo caite. Ar thaobh na láimhe deise tá Tigh Mhaidhcó, siopa agus teach ósta. Ar a chúl, tá suíomh an charabháin áit ar chraol Saor-Raidió Chonamara don chéad uair faoi Cháisc 1969. B'as seo a d'eascair Raidió na Gaeltachta.

locha sna tríochaidí, nuair a thagadh na Gaeilgeoirí chuig an gColáiste Samhraidh.

Seo í dúiche mhuintir Uí Chonaire: is mac é Piaras leis an scríbhneoir cáiliúil, Pádraic Óg Ó Conaire, a rugadh in 1893 ar bhruach thoir an locha. Bhí gaol aige le Sean-Phádraic, fear a tógadh i nGairfean, in aice láimhe.

Ach oiread le hógánach eile sa

leithinis - An Ghairfean nó An Ghairfeanach (gairfean, talamh gharbh) agus as sin siar tá Ros Cíde, an pointe is faide isteach.

Ag dul isteach don Ghairfean téann an bóthar trí phortach *Straidhp an Tae*, ainm a tugadh ar an áit i gcuimhne ar ar óladh de tae ann 's daoine a bhaint mhóna ann le cur go hÁrainn agus Co a' Chláir ón gcéibh in aice láimhe. Tá an chéibh seo ionann is ar an áit is faide ó dheas i leithinis Ros Muc, agus ar mo chéad chuairt ar an áit chualas go raibh siopa anseo, rud a b'ait liom ó tharla an áit a bheith chomh hiargúlta, míchóiriúil.

Chinn orm an siopa a aimsiú. Níor thuig mé gur i gclós an Tí Mhóir sa spás faoi na ballaí arda le hais na céibhe a bhí sé. Ina dhiaidh sin thuig mé go mbíodh siopaí móra dheisceart Chonamara ar bhruach na farraige sa tseanaimsir mar gur sna húicéaraí a thagadh na hearraí as Gaillimh.

Bhí bád mór cáiliúil ag Conroys Theach Ghairfean, húicéara a rinne Pádraic Ó Cathasaigh as Muighnis i 1911. Blianta fada tar éis a cuid trádála, tá an *St Patrick* athchóirithe i nDún Laoghaire agus í páirteach go rialta sna geallta.

Mhair trí ghlúin de na Conroys i dTeach Ghairfean, bhí tionchar ag an teaghlach ar pholaitíocht na háite, ar chúrsaí dlí - an tiarbhreitheamh Conroy - agus ar chúrsaí spóirt.

Thart ar 1893 cuireadh dílleachta óg anseo as Gaillimh le maireachtáil lena uncail. D'fhoghlaim sé Gaeilge Ros Muc agus níl fumsa trácht anseo ar a shaothar liteartha sa teanga ina dhiaidh sin.

Is cuid de bhéalóideas na hÉireann é Pádraic Ó Conaire agus an saol siúlach a chaith sé. Scaip a cháil i measc na mílte ó cuireadh cuid dá chuid scéalta ar chlár na scoile. Go deimhin casadh cuid mhaith orm atá den bharúil gurb é *M'Asal Beag Dubh* bun agus barr na litríochta.



Trasna an bhóthair, tá roinnt tithe, chomh maith le Scoil Náisiúnta Mhuire agus halla an phobail, agus An Chránnóg, iad suite thart ar Loch an Turlaigh Bhig, loch beag a bhfuil cruth na huibhe air. Is anseo atá croílár an bhaile fearainn. Is ann a scarann na bóithre ó chéile, ceann ag dul siar ó dheas go Gairfean agus ceann soir ó dheas go Ros Muc féin.

Bhíodh margadh muc ar an láthair seo ar an 15ú de mhí Dheireadh Fómhair, go dtí tuairim is trí scór bliain ó shin, a deir Áine Maria Ní Chonaire, in eagrán na bliana 1978 d'iris an pharóiste *Rosc*. Tá cuntas ag Piaras Ó Conaire in eagrán na bliana 1976 den iris fhiúntach chéanna faoi na rásaí a bhíodh ar siúl timpeall an

gceantar, bhí tionchar ag Pádraic Mac Piarais ar Phádraic Óg, duine de na chéad scoláirí i gColáiste Éanna. Chuaigh sé isteach san IRB i 1913. Ar bhunú an tSaorstáit, chaith sé seal ag taisteal na tíre ina Thimire Gaeilge, agus foilsíodh gearrscéalta, píosaí aistriúcháin agus riar úrscéalta leis.

Bhuaigh *Ceol na nGioltach*, leabhar faoi Chonamara ag tús an chéid, duais nuair a foilsíodh é i 1939, agus tá sé fós i gcló. Foilsíodh *Deireadh an Diomhaoinis*, léiriú ar Chonamara ar an *dole*, bliain tar éis a bháis i 1971. Tá scoth na Gaeilge agus léargas mion ar shaol na Gaeltachta ina chuid leabhar.

Ar chlé tríd an Turlach Beag tá an baile fearainn is faide ó dheas sa



DÚSHLÁN

I dtús an fhómhair cuireadh tús le réabhlóid nua i bhfoilsitheoireacht na Gaeilge. Tá croí *Cuisle* ag preabadh go láidir ó shin, scéalta móra agus beaga á bhfoilsíú inti, le leagan amach tarraingteach agus dearcadh úr.

Anois, agus síneadh ar an lá, tá Eagarthóir nua á lorg againn chun an réabhlóid seo a thabhairt céim eile ar aghaidh. An tusa an duine chun an dúshlán seo a chur i gcrích?

Iriseoir le taithí fhairsing agus an-tuiscint ar an saol atá de dhíth. Beidh scileanna maithe cumarsáide agus bainistíochta ag an té a cheapfar, fis ar leith aige don iris, agus ardchumas Gaeilge.

Más spéis leat teacht ar bord linn seol do CV chugainn, le cur síos gairid ar na spriocanna a bheadh agat agus tú i mbun oibre mar Eagarthóir *Cuisle*.

Seol d'iarratas chuig:

An Rúnaí,
Foilseacháin an Phobail Teo,
An tEastát Tionsclaíochta,
Casla,
Co na Gaillimhe.

Nó cuir ar an ríomhphost é chuig: cuisle@tinet.ie

Spriocdáta: 26 Feabhra



cumasc

an iris ar-líne do ghaeilgeoirí ar fud an domhain

<http://doras.tinet.ie/cumasc>

ag cur na Gaeilge ar thús cadhnaíochta...

Eagarthóir *Cuisle* ag éirí as

LEANFAIDH an t-iriseoir Uinsíonn Mac Dubhghaill ag scríobh do *Cuisle* nuair a éireoidh sé as a phost mar eagarthóir na hirise ag deireadh mhí Aibreáin. Leanfaidh sé ar aghaidh mar stiúrthóir de chuid Fhoilseacháin an Phobail Teo, an comhlacht a fhoilsíonn *Cuisle*.


Shocraigh Mac Dubhghaill éirí as an eagarthóireacht le déanaí, agus cúram an fhir tí a ghlacadh air féin. Sa litir a chuir sé chuig an gcomhlacht, scríobh sé an méid seo:

"Cúinsí pearsanta amháin is cúis leis an gcinneadh. Ar an 17 Aibreán beidh mo chlann mac bliain ar an saol. Is é an rud is tábhachtaí liom sa bhliain seo romhainn ná an oiread ama is is féidir a chaitheamh leo. Teastaíonn uaim páirt lárnach a bheith agam ina saol agus iad ag sealbhú an chéad teanga a bheas acu."

Chuir sé in iúl do bhord stiúrtha na hirise go raibh rún daingean air leanacht ar aghaidh ag tacú le *Cuisle* amach anseo.

"Dúshlán ar leith é iris nua a thabhairt ar an saol. Níor cheap mé riamh, agus muid ag tabhairt faoin bhfiontar, go n-éireodh linn ár mbunspríocanna díolacháin agus fógraíochta a bhaint amach chomh luath sin," a dúirt sé.

"Is comhartha láidir dóchais é sin don todhchaí, agus is teist mhaith í ar dhúthracht na foirne a



d'oibrigh chomh dian sin le preabadh a chur i g*Cuisle*. Tá mé cinnte go n-éireoidh linn tógáil ar an mbunsraith seo agus an iris á forbairt againn sna míonna agus sna blianta atá romhainn."

Déantar an folúntas don phost a fhógairt ar leathanach 36.

* * *

TÁ Veronica Ní Ghríofa as an gCeathrú Rua ceaptha ina Bainisteoir Fógraíochta le *Cuisle*. Tá taithí margaíochta aici le comhlachtaí éagsúla i gceantar na Gaillimhe. Chuaigh sí i mbun oibre i dtús na bliana.

* * *

DÚNMHARÚ ar an *Dart* is teideal d'úrscéal cáiliúil le Ruaidhrí Ó Báille. Cuireadh an

seachtú cló déag ar an leabhar ar na mallaibh agus díoladh breis is 33,000 cóip de go dtí seo. Cló Iar-Chonnachta a d'fhoilsigh, agus deir siad gurb



é Ruaidhrí an scríbhneoir Gaeilge do dhéagóirí is mó díol le deich mbliana anuas.

Díoladh breis is 40,000 cóip de *Aililú Bop Siúdaidí* agus bhí "éileamh suntasach" ar *An Tobar* agus *Imithe*.

An bhfuil Comhlúadar uait?

TÁ CLÁR imeachtaí don chéad leath de 1999 leagtha amach ag coiste náisiúnta agus ag grúpaí Chomhlúadair i gCorcaigh, Baile Átha Cliath agus Gaillimh.

I rith mhí Eanáir bhí seimineár do thuismitheoirí ar siúl i mBaile Átha Cliath le tuairimí a fháil maidir le tógáil clainne tré Ghaeilge.

B'in cuid den obair thaighde atá ar siúl le treoirleabhar a chur ar fáil do thuismitheoirí. Tá an obair seo idir lámha ag an saoiriseoir Máiréad Ní Chinnéide agus beidh toradh a saothair le léamh laistigh de chúpla mí.

Tá réamhobair ar siúl do shuíomh ar an idirlíon leis. Ó thús na bliana, thaistil déagóirí ó Ghaillimh agus Corcaigh go Baile Átha Cliath le freastal ar cheardlann dathú aghaidheanna. Bígí ag faire amach do aghaidheanna ildaite, maisithe Lá Fhéile Pádraig.

Cuirfidh baill Chomhlúadair i gCorcaigh tús le ciorcal léitheoireachta do dhaoine fásta i dtigh tábhairne na Gables ar an

Luan 8 Márta.

Saothar litríochta nua-aimseartha is mó a bheidh faoi chaibidil ann idir seo agus an samhradh. Toghadh Pádraig Mac Cárthaigh ina chathaoirleach ar Chomhlúadar Chorcaí ag cruinniú cinn bliana le déanaí.

Tá sé beartaithe go mbeidh roinnt ócáidí sóisialta ar siúl do lucht Chomhlúadair Bhaile Átha Cliath i gcaifé nua na Comhdhála, nuair a bheidh sé ar oscailt amach sa bhliain.

Beidh go leor imeachtaí eile ar siúl freisin. Is í Caitríona Ní Fhionnachta ón Spidéal cathaoirleach Chomhlúadar an Iarthair.

Bunafódh Chomhlúadar i 1993 le tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí gur mian leo Gaeilge a labhairt lena gcuid páistí. Muireann Ní Mhóráin atá ina cathaoirleach ar an eagrais.

Is féidir le thuismitheoirí clárú le Chomhlúadar, cuma cén áit ina bhfuil said ina gcónaí nó cén líofacht atá acu.

Máiréad Uí Dhomhnaill

Cláracha TnaG sa bhFéile Cheilteach

BEIDH CÚIG CHLÁR de chuid TnaG san iomaíocht ag an bhFéile Idirnáisiúnta Cheilteach Scannán agus Teilifíse san Oileán Sgiathanach, Albain, ag deireadh na Márta.

Tá dhá dhráma ina measc, *Lipservice* agus *Cosa Níte*, agus trí chlár faisnéise, *Éalú ó Antartica*, *Spré Rosie Ryan* agus *Bealach Ó Dheas*. Is é seo an líon clár is mó de chuid TnaG a fuair ainmniúcháin don fhéile go dtí seo.

AN BHFULL leabhar Gaeilge ar leith á lorg agat? Leagan d'amhrán ar an sean nós? An bhfuil tú ag cuartú anamchara sa Ghaeltacht? Nó cailín deas Gaelach cois na Laoi?

An bhfuil ciorcal comhrá nó craiceáilteacht éigin eile le fógairt agat? Beartas nua chun seanteanga na nGael a tharrtháil? Cuir ar an eolas muid!

An mhí seo, leantar le seirbhís fógraí beaga do léitheoirí *Cuisle*. Ní gá ach nóta gearr (30 focal ar a méid) a chur chugainn agus foilseoidh muid blúirín eolais bunaithe air SAOR IN AISCE. Spriocdáta don chéad eagrán eile: an 20ú lá den mhí seo. Seol chugainn d'fhógra chuig: *Cuisle*, Casla, Co na Gaillimhe; cuir chugainn ar an bhfac é chuig 091 572076; nó cuir chugainn ar ríomhphost é chuig cuisle@tinet.ie.

RÁTAÍ TRÁCHTALA FÓGRAÍOCHTA: GLAOIGH AR 091 572077

CIORCAL comhrá sa Spidéal. Ar mhaith leat páirt a ghlacadh i gciorcal comhrá chun do chuid Gaeilge a chleachtadh is a fheabhsú i dtimpeallacht thaitneamhach? Beidh ciorcal comhrá ar siúl Tigh Hughes sa Spidéal gach oíche Luain ó 8.30 p.m. go 10 p.m. Cuirleadh tús leis ar an 1 Feabhra. Tá fáilte roimh dhaoine ar bheagán nó ar mhórán Gaeilge. Eolas: 091 593185.

* * *

LÉARSCÁIL na hÉireann á lorg leis na logainmneacha i nGaeilge. Cuir ríomhphost chuig Pól Mac Giolla Chearra, Irish-American Social Club, Sacramento, CA. Seoladh ríomhphoist: iasc@jps.net.

* * *

BRONNADH Scoláireachtaí na nGéabha Fiáine ar cheathrar mac léinn ar an gcúrsa nua don Ard-Diplóma san Oideachas trí Ghaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ar an 3 Feabhra. Eolas: 091 524411.

* * *

CÚRSA raidió do dhéagóirí na ngaelscoileanna. Cuirfidh NEAR FM, an stáisiún raidió pobail in oirthuaisceart Bhaile Átha Cliath, cúrsa ar bun chun cláracha raidió a dhéanamh trí Ghaeilge. Craolfaidh na déagóirí a gcláracha féin. Craoltar ceithre chlár Gaeilge ar NEAR FM – sin níos mó na cúig uaire in aghaidh na seachtaine. Eolas: 01 8485211.

* * *

'Claisic' TnaG

IS BOCHT an scéal é ag TnaG go bhfuil siad ag cabhrú le leathadh an Bhéarla ar leac a teallaigh féin. Scaipeadh billeoga aonteangacha faoin 'Charity Pub Table Quiz Classic' atá le craoladh ar an stáisiún, i dTír na nÓg le déanaí (nó Tigh Tommy mar is fearr aithne air). Níl an teach tábhairne ach cúpla céad slat soir an bóthar ó cheann-áras TnaG. *How to win friends and influence people*, an ea?



TABHARFAIDH an stiúideo potadóireachta Hey! doodle, doodle i mBarra an Teampaill, Baile Átha Cliath £1 do Amnesty Idirnáisiúnta in aghaidh gach muga a dhíoltar ann. Sa stiúideo neamhghnáthach seo cuireann páistí péint ar mhugaí nó ar phlátaí agus déantar iad a bhacáil ar an láthair. Eolas: 01 672 7382.

SEOMRA caidrimh Gaeilge in UCC. Beidh an seomra seo ar fáil gach lá ag mic léinn agus ag

foireann na hollscoile mar ionad caidrimh. Osclaíodh ar an 4 Feabhra é. Féach an suíomh nua idirlíon <http://www.ucc.ie/ucc/igl/> atá ag Ionad na Gaeilge Labhartha.

* * *

Déanfar sraith úr ceolchoirmeacha a thaifeadh do TnaG in Ionad Cois Locha, Dún Lúiche, Co Dhún na nGall ón 9-12 Feabhra. Má tá ticéad uait glaoigh ar 075-32127.

TnaG Feabhra

RALLAÍ NA GAILLIMHE

6 agus 7 Feabhra

Is é rallaí idirnáisiúnta Statoil na Gaillimhe an chéad rallaí den séasúr agus beidh 130 iomaitheoirí ann. Beidh dianchoimhlint idir na hiomaitheoirí ar bhóithre na Gaillimhe agus iad ag cuartú pointí le haghaidh chraobh na hÉireann.

MICHAEL HARTNETT

7 agus 9 Feabhra

Faisnéis ar dhuine de mhórfhíli na linne, duine den bheagán a scríobhann i nGaeilge agus i mBéarla. Is ón gCaisleán Nua Thiar i gCo Luimnigh ó dhúchas do Mhichael Hartnett. Bhí roinnt leabhra dánta leis foilsithe faoi 1975 nuair a d'fhógair sé in *A Farewell to English* go raibh faoi cúl á thabhairt don teanga sin agus cloí leis an nGaeilge feasta. Tháinig sé ar mhalairt intinne faoin mBéarla ina dhiaidh agus tá sé ag saothrú sa dá theanga arís le tamall de bhlianta.

Power Pictures a léirigh do TnaG agus is é Pat Collins a stiúraigh.

KAISLEÁN KLAUS

21 Feabhra

Dráma grinn suite san iarthar é *Kaisleán Klaus*. Tá sé bunaithe ar eachtraí a tharlaíonn do Khlaus (Mikel Murfi), Gearmánach atá an-gheanúil ar an saol 'simplí' faoin tuath in Éirinn. Ní thuigean lucht cúlchainte an cheantair an rún atá aige, agus níl nóiméad nach mbíonn siad ag faire air.

Ceapann beirt sheanbhaisiléir áitiúla (Máirtín Davy agus Seán Leainde) gur aisteoir cáiliúil é a bhfuil beirt leannán aige chomh maith le bean atá i gcathaoir rothaí.

Is iomaí fadhb ag Klaus bocht. Cheannaigh sé an áit gan dul i gcomhairle lena bhean Concepta (Ann Marie Horan). Is beag nach gcailltear Concepta nuair a fheiceann sí nach bhfuil sa chaisleán draíochta ach seanbhalláí lofa.

Magma Films a léirigh do TnaG.

"Id' shuí anseo, ní chreidfeá ariamh gur i lár na hEorpa atá muid."

Aisling Joyce (18) Mac léinn tíreolaíochta




Caiphráil...
Théarma...
chaidé pháiste...
Coalltanar...
na huirisi riachtana...
lántairbhe a bhaint...
na hEorpa...

Ag Foghlaim

le Comhdhálaíochas Phárlaimint

B'iad na comhdhálaíochas fiseáin a thug deis do dhaltaí Ghairmscoile Éinne ar Inis Mór bheith i lár an aonaigh, ag cur na gceisteanna ar TDEanna sa Pharlaimint Eorpach i Strasbourg ag seisiún speisialta Ceisteanna agus Freagraí.





The National Lottery raised
£100 million last year for
causes throughout Ireland.
On your behalf.

If you're
one of the
many who
lent a
hand, thank
you.

